2025/394

24.2.2025

CINNEADH (CBES) 2025/394 ÓN gCOMHAIRLE

an 24 Feabhra 2025

lena leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 31 Iúil 2014, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2014/512/CBES ([1]).

(2) Tá an tAontas fós diongbháilte agus tacaíocht á tabhairt aige do cheannasacht agus d'iomláine chríochach na hÚcráine.

(3) Sna conclúidí uaithi an 19 Nollaig 2024, d'athdhearbhaigh an Chomhairle Eorpach an géarcháineadh a rinne sí ar chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, ar sárú follasach é ar Chairt na Náisiún Aontaithe, agus d'athdhearbhaigh sí tiomantas daingean an Aontais tacaíocht leanúnach pholaitiúil, airgeadais, eacnamaíoch, dhaonnúil, mhíleata agus taidhleoireachta a thabhairt don Úcráin agus dá muintir.

(4) Fad a leanfaidh gníomhaíochtaí neamhdhleathacha Chónaidhm na Rúise de rialacha bunúsacha an dlí idirnáisiúnta a shárú, lena n-áirítear, go háirithe, an toirmeasc ar úsáid fornirt a chumhdaítear in Airteagal 2(4) de Chairt na Náisiún Aontaithe, nó rialacha an dlí dhaonnúil idirnáisiúnta a shárú, is iomchuí na bearta uile arna bhforchur ag an Aontas a choinneáil i bhfeidhm, agus bearta breise a dhéanamh, más gá sin.

(5) I bhfianaise a thromchúisí atá an staid, is iomchuí bearta sriantacha breise a ghlacadh.

(6) Tá sé ábhartha, go háirithe, fionraíocht na gceadúnas craoltóireachta san Aontas ag eagraíochtaí meán cumarsáide Rúiseacha atá faoi bhuanrialú cheannaireacht na Rúise, agus an toirmeasc ar chraoladh a n-inneachar a leathnú.

(7) Thug an Rúis faoi fheachtas córasach idirnáisiúnta ionramhála na meán agus saofa fíricí chun feabhas a chur ar a straitéis díchobhsaithe ar a tíortha comharsanacha agus ar an Aontas agus a Bhallstáit. Go háirithe, dhírigh an bholscaireacht ar pháirtithe polaitiúla Eorpacha arís agus arís eile agus ar bhonn leanúnach, go háirithe le linn tréimhsí toghcháin, agus chomh maith leis sin ar an tsochaí shibhialta, pobail mhionlacha, dídeanaithe, agus ar fheidhmiú na n-institiúidí daonlathacha san Aontas agus ina Bhallstáit.

(8) Chun údar agus tacaíocht a thabhairt don chogadh foghach ar an Úcráin, thug an Rúis faoi ghníomhaíochtaí bolscaireachta leanúnacha comhbheartaithe dírithe ar an tsochaí shibhialta san Aontas agus i dtíortha comharsanacha, lena ndéantar fíricí a shaobhadh agus a ionramháil go tromchúiseach.

(9) Rinne an Rúis na gníomhaíochtaí bolscaireachta sin a sheoladh trí roinnt eagraíochtaí meán atá faoi bhuanrialú díreach nó indíreach cheannaireacht na Rúise. Bagairt mhór, dhíreach atá i ngníomhaíochtaí den sórt sin ar ord poiblí agus slándáil an Aontais. Tá na heagraíochtaí meán sin fíor-riachtanach agus ríthábhachtach ó thaobh an fogha faoin Úcráin a chur chun cinn agus tacaíocht a thabhairt dó, agus ó thaobh tíortha comharsanacha na hÚcráine a dhíchobhsú.

(10) I bhfianaise a thromchúisí atá an staid, agus mar fhreagairt ar ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine, is gá, i gcomhréir leis na cearta agus saoirsí bunúsacha a aithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, go háirithe an ceart chun tuairimí a nochtadh agus an ceart chun faisnéis a fháil, mar a aithnítear in Airteagal 11 di, tuilleadh bearta sriantacha a thabhairt isteach chun gníomhaíochtaí craoltóireachta eagraíochtaí

([1]) Cinneadh 2014/512/CBES ón gComhairle an 31 Iúil 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L 229, 31.7.2014, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2014/512/oj).

meán áirithe san Aontas nó na gníomhaíochtaí craoltóireachta atá dírithe ar an Aontas a chur ar fionraí. Ba cheart na bearta sin a choinneáil ar bun go dtí go gcuirtear deireadh leis an gcogadh foghach ar an Úcráin, agus go dtí go n-éireoidh an Rúis, agus na meáin sin, as gníomhaíochtaí bolscaireachta a dhéanamh in aghaidh an Aontais agus a Bhallstát.

(11) I gcomhréir leis na cearta agus saoirsí bunúsacha a aithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, go háirithe leis an gceart chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil, leis an tsaoirse chun gnó a sheoladh agus leis an gceart chun maoine mar a aithnítear in Airteagail 11, 16 agus 17, faoi seach, di, ní chuireann tabhairt isteach na mbeart sriantach sin cosc ar na heagraíochtaí meán sin ná ar a bhfoireann gníomhaíochtaí a dhéanamh san Aontas seachas craoladh, amhail taighde agus agallaimh. Go háirithe, leis na bearta sriantacha sin, ní mhodhnaítear an oibleagáid atá ann na cearta, saoirsí agus prionsabail dá dtagraítear in Airteagal 6 den Chonradh ar an Aontas Eorpach a urramú, lena n-áirítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, agus i mbunreachtanna na mBallstát, laistigh dá réimsí cur i bhfeidhm faoi seach.

(12) Is gá neartú a dhéanamh ar an toirmeasc ar onnmhairiú na n-earraí agus na teicneolaíochta dé-úsáide, agus na n-earraí agus na teicneolaíochta a d'fhéadfadh rannchuidiú le feabhsú teicneolaíoch earnáil cosanta agus slándála na Rúise, chuig eintitis atá ar liosta na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Cinneadh 2014/512/CBES.

(13) Is iomchuí 53 eintiteas nua a chur le liosta na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Cinneadh 2014/512/CBES, eadhon liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a thacaíonn le coimpléasc míleata agus tionsclaíoch na Rúise ina cogadh foghach ar an Úcráin, ar a bhforchuirtear srianta onnmhairiúcháin níos déine maidir le hearraí agus teicneolaíochtaí dé-úsáide, chomh maith le hearraí agus teicneolaíochtaí a d'fhéadfadh rannchuidiú le feabhsú teicneolaíoch earnáil cosanta agus slándála na Rúise. Ina theannta sin, tá údar maith le heintitis áirithe i dtríú tíortha seachas an Rúis a rannchuidíonn go hindíreach le feabhsú míleata agus teicneolaíoch na Rúise trí theacht timpeall ar shrianta onnmhairiúcháin, lena n-áirítear maidir le haerárthaí gan foireann (UAVanna) nó diúracáin, a chur san áireamh ar an liosta sin.

(14) Is iomchuí liosta na n-earraí a d'fhéadfadh rannchuidiú le feabhsú míleata agus teicneolaíoch na Rúise nó le forbairt a hearnála cosanta agus slándála a leathnú trí earraí a liostáil a d'úsáid an Rúis ina cogadh foghach ar an Úcráin agus earraí a rannchuidíonn le forbairt nó táirgeadh a córas míleata, lena n-áirítear ceimiceáin réamhtheachtacha d'oibreáin smachtaithe círéibe, bogearra a bhaineann le meaisíní clárúcháin rialaithe uimhriúla (CNC), comhábhair chróimiaim agus rialtáin a úsáidtear chun aerárthach gan foireann a threorú.

(15) Is iomchuí srianta breise a fhorchur ar onnmhairiú earraí a d'fhéadfaí rannchuidiú le feabhas a chur ar acmhainneachtaí tionsclaíocha na Rúise, amhail ceimiceáin, lena n-áirítear ceimiceáin, roinnt plaisteach agus rubar. Chun an baol go rachfaí timpeall ar bhearta sriantacha a laghdú, cuirtear arís le liosta na n-earraí agus na teicneolaíochta atá faoi réir an toirmisc ar idirthuras trí chríoch na Rúise.

(16) Anuas air sin, is iomchuí srianta breise a thabhairt isteach ar allmhairiú alúmanam príomhúil, lena ngintear ioncam mór don Rúis, rud a fhágann gur féidir leanúint dá cogadh foghach ar an Úcráin. Ba cheart don Choimisiún faireachán a dhéanamh ar na praghsanna alúmanaim is ábhartha do tháirgeoirí agus tomhaltóirí an Aontais atá nasctha leis an srian allmhairiúcháin agus ba cheart dó tuairisciú don Chomhairle má tharlaíonn aon mhórfhorbairtí maidir leis na praghsanna alúmanaim atá ábhartha do tháirgeoirí agus tomhaltóirí an Aontais atá nasctha leis an srian allmhairiúcháin ar alúmanam príomhúil, mar a leagtar síos in Airteagal 4k de Chinneadh 2014/512/CBES maidir le halúmanam príomhúil, agus, i gcás inarb iomchuí, bearta maolaitheacha a mholadh.

(17) Go háirithe, tá sé ábhartha leasú a dhéanamh ar an maolú ar an toirmeasc ar cheannach, allmhairiú nó aistriú earraí áirithe lena ngintear ioncam suntasach don Rúis agus a bhfuil gá leo chun carráistí líne mheitreo 3 i mBúdaipeist a oibriú, a chothabháil nó a dheisiú. Is iomchuí freisin maolú spriocdhírithe nua a thabhairt isteach ar an toirmeasc ar allmhairiú, earraí áirithe atá fíor-riachtanach chun Píblíne Druzhba a oibriú.

(18) Chun cur chun feidhme éifeachtach na mbeart sriantach a áirithiú, is iomchuí a shoiléiriú, nuair a thugtar de chumhacht d'údaráis inniúla le forálacha ábhartha Chinneadh 2014/512/CBES agus Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 díol agus onnmhairiú, agus cúnamh teicniúil gaolmhar na gcóras, an trealaimh agus na gcomhpháirteanna slándála faisnéise a údarú, le haghaidh úsáid neamh-mhíleata agus le haghaidh úsáideoir deiridh neamh-mhíleata, tar éis don údarás sin a chinneadh go bhfuil na hearraí nó an teicneolaíocht sin nó an cúnamh teicniúil gaolmhar beartaithe do líonra cumarsáide leictreonaí sibhialtach nach bhfuil ar fáil go poiblí, agus ar choinníoll nach maoin de chuid eintitis atá faoi rialú poiblí nó a bhfuil os cionn 50 % di faoi úinéireacht phoiblí é an líonra sin, gur féidir na húdaruithe sin a dheonú go háirithe do sholáthraithe seirbhísí speisialaithe teachtaireachtaí airgeadais.

(19) Is iomchuí cur i bhfeidhm díolúine ón toirmeasc eitilte a theorannú go sonrach d'aerárthaí faoi fhoireann trí cheangal a thabhairt isteach go bhfaighfí údárú ó na húdaráis inniúla dróin áirithe tuirlingt i gcríoch an Aontais, éirí de thalamh uaithi agus eitilt thairsti. Chun an costas atá ar an Rúis de bharr an chogaidh foghaigh leanúnaigh atá á thabhairt aici faoin Úcráin a mhéadú agus chun éifeachtacht bhearta sriantacha an Aontais lena ndírítear ar earnáil na heitlíochta a áirithiú trí aghaidh a thabhairt ar an mbaol go mbeidh bac ag na bearta sin, tá sé ábhartha an toirmeasc eitilte a leathnú freisin chun aeriompróirí liostaithe a chumhdach, aeriompróirí a oibríonn eitiltí intíre laistigh den Rúis nó a dhíolann, a sholáthraíonn, a aistríonn nó a onnmhairíonn, go díreach nó go hindíreach, aerárthaí nó earraí agus teicneolaíocht eitlíochta eile d'aeriompróir Rúiseach nó le haghaidh eitiltí laistigh den Rúis, agus le haghaidh aon eintiteas atá faoi úinéireacht nó faoi rialú an aeriompróra sin.

(20) Tá údar maith le srian breise a chur ar onnmhairiú earraí agus teicneolaíochta, go háirithe bogearraí a bhaineann le taiscéalaíocht ola agus gáis, chun srian breise a chur le hacmhainneachtaí taiscéalaíochta agus táirgthe ola agus gáis na Rúise.

(21) Is gá foráil a dhéanamh do mhaolú ar tháirgí peitriliam áirithe a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú ón tSlóvaic chuig an Ungáir nó ón Ungáir chuig an tSlóvaic, ar táirgí iad a fhaightear ó amhola a allmhairítear trí phíblíne, chun slándáil an tsoláthair chuig na tíortha talamhiata sin a áirithiú.

(22) Is ó dhíol agus iompar ola a fhaigheann an Rúis ioncam nach beag. Tá sé ábhartha toirmeasc a thabhairt isteach ar sholáthar na stórála sealadaí le haghaidh amhola agus tháirgí peitriliam na Rúise laistigh den Aontas, gan beann ar phraghas ceannaigh na hola agus ar cheann scríbe deiridh na dtáirgí sin. Cuirfidh toirmeasc den sórt sin costais bhreise ar iompar ola na Rúise, rud a laghdóidh ioncam na Rúise. Ní dhéanann an toirmeasc sin difear do raon feidhme toirmeasc eile ar allmhairí faoi Chinneadh 2014/512/CBES agus Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle ([2]).

(23) Níor cheart don toirmeasc ar sheirbhísí athlódála chun críoch oibríochtaí trasloingsithe ghás nádúrtha leachtaithe (GNL) na Rúise difear a dhéanamh d'allmhairí isteach san Aontas ná do shlándáil soláthair na mBallstát. Ar an gcúis sin, is iomchuí a shoiléiriú go gceadaítear seirbhísí athlódála chun críoch oibríochtaí trasloingsithe GNL na Rúise, más gá, chun é a iompar idir calafoirt an Bhallstáit chéanna, lena n-áirítear ó mhórthír Ballstáit chuig na réigiúin is forimeallaí dá chuid.

(24) Chun an riosca a íoslaghdú a bhaineann le dul timpeall ar bhearta sriantacha, is gá leasú a dhéanamh ar an toirmeasc ar iompar earraí de bhóthar laistigh de chríoch an Aontais, lena n-áirítear earraí ar idirthuras, a dhéanann oibreoirí ina bhfuil 25 % nó níos mó díobh faoi úinéireacht duine nádúrtha nó duine dlítheanaigh Rúisigh. Ba cheart toirmeasc a chur ar eintitis a bunaíodh san Aontas roimh an 8 Aibreán 2022 agus a bhí ag feidhmiú cheana mar ghnóthais iompair de bhóthar aon athrú a dhéanamh ar a struchtúr caipitil lena méadófaí sciar céatadáin faoi úinéireacht duine nádúrtha nó dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta Rúisigh, ach amháin má fhanann an sciar céatadáin sin faoi bhun 25 % tar éis athrú den sórt sin.

(25) Tá toirmeasc ar earraí, teicneolaíocht agus seirbhísí a sholáthar chun tionscadail GNL na Rúise a thabhairt i gcrích. Is iomchuí síneadh a chur leis an toirmeasc ar thabhairt i gcrích thionscadail amhola sa Rúis, mar shampla tionscadal ola Vostok. Níor cheart go ndéanfadh sé sin difear do cheannach ná allmhairiú amhola na Rúise i gcomhréir le heisceachtaí sealadacha do Bhallstáit thalamhiata shonracha.

(26) Tá toirmeasc ar GNL na Rúise a allmhairiú trí chríochfoirt GNL an Aontais nach bhfuil nasctha leis an gcóras gáis nádúrtha idirnasctha. Is iomchuí maolú a thabhairt isteach ar an toirmeasc is féidir le Ballstát a dheonú nach bhfuil nasctha leis an gcóras idirnasctha gáis nádúrtha i gcás ina gceannaítear, ina n-allmhairítear nó ina n-aistrítear an gás nádúrtha ó chríochfort atá lonnaithe i mBallstát eile atá nasctha leis an gcóras idirnasctha gáis nádúrtha chun a sholáthar fuinnimh a áirithiú.

(27) Is iomchuí a cheangal go mbeadh deimhniú faoi Rialachán (CE) Uimh. 2368/2002 ([3]) ón gComhairle ag gabháil le hallmhairí diamant garbh ina luaitear go soiléir tír thionscnaimh na mianadóireachta nó tíortha tionscnaimh na mianadóireachta. Maidir le dáta teacht i bhfeidhm an cheanglais maidir le fianaise atá bunaithe ar inrianaitheacht a sholáthar maidir le hallmhairí diamant snasta, is iomchuí é a chur siar. Ina theannta sin, beidh gá le comhar leanúnach le G7 agus le tríú tíortha chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna rialachais a bhaineann leis an

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle an 31 Iúil 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L 229, 31.7.2014, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/833/oj).

([3]) Rialachán (CE) Uimh. 2368/2002 ón gComhairle an 20 Nollaig 2002 lena gcuirtear chun feidhme scéim deimhniúcháin Phróiseas Kimberley um thrádáil idirnáisiúnta i ndiamaint gharbha (IO L 358, 31.12.2002, lch. 28, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2002/2368/oj).

gcóras inrianaitheachta. Chun cur chun feidhme na mbeart sin a éascú tuilleadh agus chun leanúint den rannpháirtíocht le G7 agus le tríú tíortha, ba cheart faireachán leanúnach a dhéanamh ar an gcothrom iomaíochta i measc chomhpháirtithe G7 maidir le bearta a bhaineann le diamaint.

(28) Chun toirmeasc iomlán a chur ar oibreoirí an Aontais foráil a dhéanamh ar rannchuidiú le forbairt bhonneagar na Rúise, is gá an toirmeasc ar sheirbhísí tógála a thabhairt isteach, lena n-áirítear oibreacha innealtóireachta sibhialta.

(29) Cuirtear toirmeasc ar bhogearraí a dhíol le Rialtas na Rúise nó le daoine dlitheanacha, eintitis nó comhlachtaí a bhunaítear sa Rúis, a sholáthar dóibh, a aistriú chucu, a onnmhairiú chucu, nó a chur ar fáil dóibh, go díreach nó go hindíreach, le haghaidh bainistiú fiontar nó bogearraí le haghaidh dearadh tionsclaíoch agus monaraíocht. Tá sé ábhartha a shoiléiriú go bhfuil toirmeasc ar chearta maoine intleachtúla nó rúin trádála a bhaineann leis na bogearraí sin a dhíol, a cheadúnú nó a aistriú ar aon bhealach eile.

(30) Is iomchuí maolú a thabhairt isteach ar an toirmeasc ar sheirbhísí tógála, ailtireachta agus innealtóireachta, seirbhísí comhairleacha dlí agus seirbhísí comhairliúcháin TF a sholáthar i gcás ina bhfuil géarghá leis na seirbhísí sin d'fheidhmiú ionadaíocht chonsalach nó taidhleoireachta na Rúise atá lonnaithe i mBallstát

(31) Ina theannta sin, tá údar maith le toirmeasc ar idirbhearta a thabhairt isteach lena gcuirtear toirmeasc ar aon idirbheart le calafoirt agus loic agus aerfoirt sa Rúis a úsáidtear chun aerárthaí gan foireann nó diúracáin nó teicneolaíocht ghaolmhar nó comhpháirteanna díobh a aistriú chuig an Rúis, nó chun dul timpeall ar an gCaidhp Phraghais Ola le soithí a bhfuil cleachtais loingseoireachta neamhrialta ardriosca ar bun acu nó ar bhearta sriantacha eile. Áirítear leis sin rochtain ar shaoráidí na gcalafort agus na loc agus na n-aerfort liostaithe agus soláthar aon seirbhíse do shoithí nó d'aerárthaí. Foráiltear do dhíolúintí iomchuí chun nach mbeidh drochthionchair aige sin ar thrádáil dhlisteanach nó ar theagmháil idir daoine. Ina theannta sin, tá an toirmeasc ar idirbhearta den sórt sin teoranta don bhonneagar sa Rúis.

(32) Is iomchuí srianta a fhorchur ar dhaoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá bunaithe lasmuigh den Rúis agus a úsáideann Córas na Rúise maidir le Teachtaireachtaí Airgeadais an Bhainc Ceannais a Aistriú agus trí úsáid den sórt sin, (i) a chuireann le hathléimneacht airgeadais na Rúise a mhéadú agus (ii) a thacaíonn le dul timpeall ar na toirmisc sa Chinneadh 2014/512/CBES, i gCinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle ([4]), i Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 nó i Rialachán (AE) Uimh. 269/2014ón gComhairle ([5]). Ina theannta sin, tá sé ábhartha maolú a thabhairt isteach lenar féidir idirbhearta a fhorghníomhú le heintiteas sonrach a luaitear in Iarscríbhinn XVIII a ghabhann le Cinneadh 2014/512/CBES a bhfuil gá leo chun ráthaíochtaí a thug Ballstát a aisíoc,dífheistiú ón Rúis nó foirceannadh gníomhaíochtaí gnó sa Rúis, nó forghníomhú conarthaí áirithe.

(33) Is iomchuí an toirmeasc ar idirbhearta a leathnú tuilleadh chuig institiúidí creidmheasa, institiúidí airgeadais agus eintitis a sholáthraíonn seirbhísí criptea-shócmhainní a thacaíonn le hidirbhearta le ndáil le haon soitheach liostaithe, rud a chuireann bac ar an toirmeasc a leagtar amach in Airteagal 4x a ghabhann le Cinneadh 2014/512/CBES, arb é is aidhm dó teorainn a chur le cumas na Rúise cogadh a fhearadh ar an Úcráin. Ina theannta sin, is iomchuí freisin srianta a fhorchur ar dhaoine dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XLV de Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, atá bunaithe lasmuigh den Aontas ar institiúidí creidmheasa nó institiúidí airgeadais nó eintitis iad a sholáthraíonn seirbhísí criptea-shócmhainní nó a bhfuil baint acu le hidirbhearta lena n-éascaítear, go díreach nó go hindíreach, dul timpeall ar na toirmisc a leagtar amach in Airteagal 4p de Chinneadh 2014/512/CBES.

(34) Tá sé ábhartha na bearta sriantacha a leathnú maidir le soláthar seirbhísí speisialaithe teachtaireachtaí airgeadais d'institiúidí creidmheasa áirithe Rúiseacha nó d'eintitis a shuibscríobhann le seirbhísí teachtaireachtaí airgeadais nó d'fhochuideachtaí Rúiseacha d'institiúidí creidmheasa tríú tír, institiúidí atá ábhartha maidir le córas airgeadais agus baincéireachta na Rúise, agus ar bainc réigiúnacha mhóra agus thábhachtacha iad, lena éascaítear, dá bhrí sin, airgeadas agus gnó réigiúnach agus cónaidhme, nó bainc a éascaíonn íocaíochtaí suntasacha trasteorann agus, ar an gcaoi sin, a threisíonn geilleagar na Rúise agus a tionscal, nó a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach na hÚcráine trí oibriú sna críocha faoi fhorghabháil, nó bainc atá faoi réir bearta sriantacha cheana féin arna bhforchur ag an Aontas nó ag tíortha comhpháirtíochta.

([4]) Cinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle an 17 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO L 78, 17.3.2014, lch. 16, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2014/145(1)/oj).

([5]) Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 an 17 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO L 78, 17.3.2014, lch. 6, http://data.europa.eu/eli/reg/2014/269/oj).

(35) Is iomchuí maolú a thabhairt isteach maidir le glacadh le taiscí atá srianta ar bhealach eile i gcás oibríochtaí is gá chun duine dlítheanach a bhaineann le heintiteas a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle a athstruchtúrú nó a leachtú.

(36) Chun obair na sochaí sibhialta agus na meán a éascú, is iomchuí díolúine a thabhairt isteach ón toirmeasc ar nótaí bainc arna n-ainmniú in aon airgeadra oifigiúil de chuid Ballstáit a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú chuig an Rúis, i gcás inar gá lena n-úsáid sa tsochaí shibhialta agus i ngníomhaíochtaí na meán a chuireann an daonlathas, cearta an duine nó an smacht reachta chun cinn ar bhonn díreach, faoi choinníollacha áirithe.

(37) Chun cuidiú le hathonnmhairiú earraí áirithe a chomhrac, maidir le hoibreoirí de chuid an Aontais atá ag díol, ag soláthar, ag aistriú nó ag onnmhairiú earraí den sórt sin chuig tríú tíortha, seachas na tíortha comhpháirtíochta a liostaítear in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Cinneadh 2014/512/CBES, ceanglaítear orthu sásraí díchill chuí a chur chun feidhme lena bhféadfar na rioscaí a bhaineann le ath-onnmhairiú den sórt sin chuig an Rúis a shainaithint agus a mheasúnú agus na rioscaí sin a mhaolú. Thairis sin, ceanglaítear ar oibreoirí an Aontais a áirithiú go ndéanfaidh daoine dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí atá bunaithe lasmuigh den Aontas agus a bhfuil na ceanglais sin faoina n-úinéireacht nó faoina rialú na ceanglais sin a chur chun feidhme freisin.

(38) Ar deireadh, is gá leasuithe áirithe a dhéanamh ar fhorálacha maidir leis na díolúintí ón toirmeasc ar onnmhairiú earraí dé-úsáide agus ardteicneolaíochtaí agus maoluithe ar an toirmeasc ar onnmhairiú na n-earraí sin, trí mhaoluithe a chur in ionad díolúintí ó thoirmisc áirithe. Ina theannta sin, scriostar tagairtí d'idirthréimhsí atá imithe in éag agus tagairtí eile nach bhfuil riachtanach chun forálacha áirithe a chomhlíonadh. Níl sé beartaithe aon éifeacht dhlíthiúil a bheith ag scriosadh tagairtí d'idirthréimhsí atá imithe in éag cheana ar chonarthaí a bhí ann roimhe seo nó atá ar siúl faoi láthair ná ar infheidhmeacht na n-idirthréimhsí sin.

(39) Ní mór don Aontas tuilleadh gníomhaíochta a dhéanamh chun bearta áirithe a chur chun feidhme.

(40) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2014/512/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES mar a leanas:

(1) in Airteagal 1ad, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Toirmiscfear gabháil d'aon idirbheart, go díreach nó go hindíreach, le duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht dá dtagraítear i bpointí (a), (b) nó (c), d'Airteagal 11(1), atá tar éis éileamh a thaisceadh os comhair cúirt Rúiseach i gcoinne duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht dá dtagraítear i bpointe (c) nó (d) d'Airteagal 13 chun urghaire, ordú, faoiseamh, breithiúnas nó cinneadh Cúirte eile a fháil de bhun Airteagal 248.1 nó Airteagal 248.2 de Chód Nós Imeachta Eadrána Chónaidhm na Rúise, nó a dhíorthaítear ó na hairteagail sin, nó de bhun reachtaíocht Rúiseach atá coibhéiseach leo, nó a dhíorthaítear ón reachtaíocht sin, i dtaca le haon chonradh nó idirbheart a bhfuil difear déanta dá fheidhmiú, go díreach nó go hindíreach, go hiomlán nó go páirteach, mar thoradh ar na bearta a fhorchuirtear faoin Rialachán seo nó faoi Rialachán (AE) Uimh. 269/2014, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XLIII a ghabhann leis an gCinneadh seo.';

(2) in Airteagal 1ad, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

'7. De mhaolú ar mhír 2, féadfaidh údaráis inniúla de chuid Ballstáit forghníomhú idirbheart a bhfuil an uimhir iontrála 1, in Iarscríbhinn XVIII, acu a údarú, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh na húdaráis inniúla sin a bheith iomchuí agus tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil gá na hidirbhearta sin a fhorghníomhú maidir leis an méid seo a leanas:.:

(a) aisíoc na gcreidmheasanna onnmhairiúcháin a ráthaítear';

(b) maidir le hidirbhearta a bhfuil géarghá leo chun dífheistiú a dhéanamh ón Rúis nó chun gníomhaíochtaí gnó sa Rúis a fhoirceannadh faoin 26 Lúnasa 2025 a cumhdaíodh le ráthaíochtaí creidmheasanna onnmhairiúcháin ó Bhallstát; nó

(c) forghníomhú conarthaí arna dtabhairt i gcrích roimh an 25 Feabhra 2025 go dtí an 26 Lúnasa 2025 nó go dtí a ndáta éagtha, cibé acu is luaithe, i gcás tairbhithe atá lonnaithe san Aontas Eorpach.';

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1ae:

'*Airteagal 1ae*

1. Toirmeascfar gabháil d'aon idirbheart, go díreach nó go hindíreach, le duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe lasmuigh den Aontas ar institiúid creidmheasa nó airgeadais nó eintiteas é a sholáthraíonn seirbhísí criptea-shócmhainní agus ar fíor an méid seo a leanas ina leith:

(a) tá baint acu le hidirbhearta lena n-éascaítear, go díreach nó go hindíreach, onnmhairiú, díol, soláthar, aistriú nó iompar earraí agus teicneolaíochta dé-úsáide chuig an Rúis, earraí nó teicneolaíocht mar a liostaítear in Iarscríbhinní VII, XI, XX agus XXXV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, earraí ardtosaíochta coiteanna mar a liostaítear in Iarscríbhinn XL a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, agus airm thine agus armlón mar a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 258/2012, mar a liostaítear i gCuid A d'Iarscríbhinn XIX a ghabhann leis an gCinneadh seo; nó

(b) tá baint acu le bac a chur ar an toirmeasc a leagtar amach in Airteagal 4x trí idirbhearta i ndáil le haon soitheach a liostaítear in Iarscríbhinn XVI, mar a liostaítear i gCuid B d'Iarscríbhinn XIX a ghabhann leis an gCinneadh seo; nó

(c) téann siad timpeall ar an toirmeasc a leagtar amach in Airteagal 4p, mar a liostaítear i gCuid C d'Iarscríbhinn XIX a ghabhann leis an gCinneadh seo.

2. Beidh feidhm ag an toirmeasc i mír 1 maidir le duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá ag gníomhú thar ceann eintitis dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c) de mhír 1, nó faoi threoir an eintitis sin.

3. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 1 maidir leis na hidirbhearta seo a leanas:

(a) a bhfuil gá leo chun táirgí cógaisíochta, leighis, talmhaíochta agus bia, lena n-áirítear cruithneacht agus leasacháin, a onnmhairiú, a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a iompar chuig an Rúis, ar táirgí iad a cheadaítear a n-onnmhairiú, a ndíol, a soláthar, a n-aistriú nó a n-iompar chuig an Rúis faoin gCinneadh seo agus faoi Rialachán (AE) Uimh. 833/2014;

(b) a bhfuil géarghá leo chun rochtain ar imeachtaí breithiúnacha, riaracháin nó eadrána i mBallstát a áirithiú, agus chun aitheantas nó forfheidhmiú a dhéanamh maidir le breithiúnas nó dámhachtain eadrána arna soláthar i mBallstát ar choinníoll go bhfuil na hidirbhearta sin comhsheasmhach le cuspóirí an Chinnidh seo nó Cinneadh 2014/145/CBES, nó Rialacháin (AE) Uimh. 833/2014 nó (AE) Uimh. 269/2014; nó

(c) a bhfuil gá leo chun críoch daonnúil, ar nós cúnamh a sheachadadh nó an seachadadh sin a éascú, lena n-áirítear soláthairtí leighis, bia, nó oibrithe daonnúla agus cúnamh gaolmhar a aistriú, nó le haghaidh aslonnuithe.'

(4) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

'*Airteagal 1af*

1. Beidh toirmeasc ar ghabháil d'idirbheart, go díreach nó go hindíreach, le calafoirt agus loic a liostaítear i gCuid A d'Iarscríbhinn XXI. Áireofar i gCuid A d'Iarscríbhinn XXI calafoirt agus loic a úsáidtear sna cásanna seo a leanas:

(a) chun aerárthaí gan foireann nó diúracáin, teicneolaíochtaí gaolmhara, nó comhpháirteanna díobh, a aistriú d'fhonn tacú leis an Rúis ina cogadh foghach ar an Úcráin;

(b) chun earraí agus teicneolaíocht a úsáidtear in earnáil na cosanta agus na slándála a iompar, ón Rúis nó chuig an Rúis, lena n-úsáid nó lena húsáid sa Rúis nó le haghaidh chogaíocht na Rúise san Úcráin;

(c) chun táirgí amhola nó peitriliam a iompar, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XIII, ar táirgí iad atá de thionscnamh na Rúise nó a onnmhairítear ón Rúis ar shoithigh atá i mbun cleachtais loingseoireachta ardriosca agus neamhrialta mar a leagtar amach i rún A.1192(33) ó Chomhthionól Ginearálta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta;

(d) chun earraí a iompar de thionscnamh an Aontais nó a onnmhairítear ón Aontas, mar a liostaítear iad in Iarscríbhinní XI, XX agus XXIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, nó earraí a iompar de thionscnamh na Rúise nó a onnmhairítear ón Rúis agus a allmhairítear isteach san Aontas, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XXI a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 agus, ar an gcaoi sin, cumasaítear leis gníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine;

(e) úsáidtear iad ar bhealach lena n-éascaítear nó lena dtéitear i mbun forálacha an Chinnidh seo nó Chinntí 2014/145/CBES, 2014/386/CBES, nó (CBES) 2022/266 nó de Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 (AE) Uimh. 269/2014, (AE) Uimh. 692/2014, nó (AE) 2022/263 ón gComhairle a shárú nó dul timpeall orthu nó iad a chur ó rath go mór ar bhealach eile.

2. Beidh toirmeasc ar ghabháil d'aon idirbheart, go díreach nó go hindíreach, le haerfoirt a liostaítear in Cuid B d'Iarscríbhinn XXI. Áireofar i gCuid B d'Iarscríbhinn XXI aerfoirt sa Rúis a úsáidtear chun na gcríoch seo a leanas:

(a) chun aerárthaí gan foireann nó diúracáin, teicneolaíochtaí gaolmhara, nó comhpháirteanna díobh, a aistriú d'fhonn tacú leis an Rúis ina cogadh foghach ar an Úcráin;

(b) chun earraí agus teicneolaíocht a úsáidtear in earnáil na cosanta agus na slándála a iompar ón Rúis nó chun na Rúise, lena n-úsáid sa Rúis nó le haghaidh chogaíocht na Rúise san Úcráin;

(c) chun earraí a iompar de thionscnamh an Aontais nó a onnmhairítear ón Aontas a liostaítear in Iarscríbhinní XI, XX agus XXIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, nó earraí a iompar de thionscnamh na Rúise nó a onnmhairítear ón Rúis agus a allmhairítear isteach san Aontas a liostaítear in Iarscríbhinn XXI a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 agus, ar an gcaoi sin, lena gcumasaítear gníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine;

(d) úsáidtear iad ar bhealach lena n-éascaítear nó lena dtéitear i mbun forálacha an Chinnidh seo nó Chinntí 2014/145/CBES, 2014/386/CBES, nó (CBES) 2022/266 nó Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 (AE) Uimh. 269/2014, (AE) Uimh. 692/2014, nó (AE) 2022/263 a shárú nó dul timpeall orthu nó iad a chur ó rath go mór ar bhealach eile

3. Ní bheidh feidhm ag mír 1 sna cásanna seo a leanas:

(a) i gcás soitheach a bhfuil cúnamh de dhíth air agus é ag lorg áit dídine, i gcás cuarda éigeandála ar chalafort ar chúiseanna sábháilteachta muirí, nó chun beatha a shábháil ar muir, nó chun críoch daonnúil, nó chun teagmhas a chosc nó a mhaolú go práinneach, ar teagmhas é ar dócha go mbeidh tionchar tromchúiseach suntasach aige ar shláinte agus sábháilteacht an duine nó ar an gcomhshaol, nó mar fhreagairt ar thubaistí nádúrtha;

(b) maidir le hidirbhearta a bhfuil géarghá leo chun gás nádúrtha, tíotáiniam, alúmanam, copar, nicil, pallaidiam agus amhiarann a cheannach, a allmhairiú nó a iompar, go díreach nó go hindíreach, ón Rúis nó tríthi isteach san Aontas, ó Bhallstát den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, ón Eilvéis, nó ó na Balcáin Thiar, nó tríothu;

(c) mura dtoirmisctear sin faoi Airteagal 4o nó Airteagal 4p, idirbhearta a bhfuil géarghá leo chun ola, lena n-áirítear táirgí peitriliam scagtha, a cheannach, a allmhairiú nó a iompar go díreach nó go hindíreach ón Rúis nó tríthi;

(d) maidir le hidirbhearta atá riachtanach chun táirgí cógaisíochta, leighis, talmhaíochta agus bia a cheannach, a allmhairiú nó a iompar lena n-áirítear cruithneacht agus leasacháin a gceadaítear a n-allmhairiú, a gceannach agus a n-iompar faoin gCinneadh seo;

(e) maidir le hidirbhearta chun amhola mhuiriompartha agus táirgí peitriliam a liostaítear in Iarscríbhinn XIII a cheannach, a allmhairiú nó a aistriú , i gcás gur de thionscnamh tríú tír na hearraí sin agus nach bhfuil siad ach á luchtú sa Rúis, ag imeacht ón Rúis nó ar idirthuras tríd an Rúis, ar choinníoll nach de thionscnamh na Rúise na hearraí sin agus nach Rúiseach úinéir na n-earraí sin.

(f) maidir le hidirbhearta is gá le haghaidh bunú, oibriú, cothabháil, soláthar breosla agus athchóireáil agus sábháilteacht cumas núicléach sibhialta, agus leanúint den dearadh, den tógáil agus den choimisiúnú is gá chun saoráidí núicléacha sibhialta a chríochnú.

4. Ní bheidh feidhm ag mír 2 maidir le hidirbhearta a bhfuil fíorghá leo maidir leis an méid seo a leanas:

(a) cuspóirí daonnúla, daoine a aslonnú nó a aisdúichiú, nó tionscnaimh lena dtugtar tacaíocht d'íospartaigh tubaistí nádúrtha, núicléacha nó ceimiceacha;

(b) eitiltí a oibriú a bhfuil gá leo chun freastal ar chruinnithe arb é is cuspóir dóibh réiteach a lorg ar chogadh foghach na Rúise ar anÚcráine nó cuspóirí beartais na mbeart sriantach a chur chun cinn;

(c) tuirlingt, éirí den talamh nó traseitilt éigeandála;

(d) taisteal, chun críoch oifigiúil, chomhaltaí mhisin taidhleoireachta nó chonsalacha na mBallstát nó na dtíortha comhpháirtíochta sa Rúis nó chomhaltaí eagraíochtaí idirnáisiúnta a thairbhíonn de dhíolúintí i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta;

(e) taisteal le haghaidh cúiseanna pearsanta ag daoine nádúrtha chun na Rúise nó daoine dá neasteaghlach atá ag taisteal ina dteannta;

(f) táirgí cógaisíochta, leighis, talmhaíochta agus bia, a gceadaítear a n-allmhairiú, a gceannach agus a n-iompar faoin gCinneadh seo, a cheannach, a allmhairiú nó a iompar.

5. Cuirfidh oibreoirí údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil siad corpraithe nó ar faoina dhlí atá siad comhdhéanta ar an eolas faoi aon idirbheart arna thabhairt i gcrích de bhun mhír 3 nó de bhun mhír 4, laistigh de 2 sheachtain tar éis é a thabhairt i gcrích. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon fhaisnéis a fuarthas de bhun na míre seo laistigh de 2 sheachtain ón bhfaisnéis a fháil.';

(5) in Airteagal 1b (5), cuirtear isteach an pointe seo a leanas leis:

'(g) go bhfuil gá leo chun duine dlítheanach a bhaineann le heintiteas a liostaítear faoi uimhir iontrála 82, faoi cheannteideal "B. Eintitis", san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES a athstruchtúrú nó a leachtú';

(6) in Airteagal 1f(2), cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

'(c) gníomhaíochtaí na sochaí sibhialta agus na meán a chuireann chun cinn go díreach an daonlathas, cearta an duine nó an smacht reachta sa Rúis agus a fhaigheann cistiú poiblí ón Aontas, ó na Ballstáit nó ó thíortha comhpháirtíochta mar a liostaítear in Iarscríbhinn VII.';

(7) in Airteagal 1h(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

'(c) duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht ag gníomhú thar ceann duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht dá dtagraítear i bpointí (a) nó (b) den mhír seo nó faoina dtreoir,';

(8) in Airteagal 1i(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

'1. Beidh toirmeasc ar thacaíocht, lena n-áirítear maoiniú agus cúnamh airgeadais nó aon sochar eile faoi chlár agus conarthaí náisiúnta an Aontais, Euratom nó na mBallstáit de réir bhrí Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) a sholáthar go díreach nó go hindíreach dóibh seo a leanas:

(*) Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).';

(9) leasaítear Airteagal 1k mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Beidh toirmeasc ar sheirbhísí tógála, ailtireachta agus innealtóireachta, seirbhísí comhairleacha dlí agus seirbhísí comhairliúcháin TF a sholáthar go díreach nó go hindíreach dóibh seo a leanas:

(a) Rialtas na Rúise; nó

(b) daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá bunaithe sa Rúis.';

(b) i mír 3a, cuirtear an pointe seo a leanas leis:

'(c) cearta maoine intleachtúla nó rúin trádála a dhíol, a cheadúnú nó a aistriú ar bhealach ar bith eile agus cearta rochtana nó athúsáide a thabhairt d'aon ábhar nó faisnéis a chosnaítear trí bhíthin cearta maoine intleachtúla nó ar rúin trádála iad a bhaineann leis an mbogearra dá dtagraítear i mír 2b agus le soláthar, monarú, cothabháil agus úsáid an bhogearra sin, go díreach nó go hindíreach do Rialtas na Rúise nó d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht a bhunaítear sa Rúis.';

(c) scriostar míreanna 4b agus 7;

(d) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

'9c. De mhaolú ar mhír 2, féadfaidh na húdaráis inniúla soláthar na seirbhísí dá dtagraítear sa mhír sin a údarú, faoi cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil géarghá leis na seirbhísí sin d'fheidhmiú ionadaíocht chonsalach nó taidhleoireachta Chónaidhm na Rúise atá lonnaithe i mBallstát.';

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 11:

'11 Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú a dheonaítear faoi mhíreanna 9a, 9b, 9c agus 10 laistigh de 2 sheachtain ón údarú.';

(10) leasaítear Airteagal 3 mar seo a leanas

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 3 agus 3a,:

'3. Gan dochar do na ceanglais údarúcháin de bhun Rialachán (AE) 2021/821, ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo maidir le hearraí dé-úsáide ná leis an teicneolaíocht a dhíol, a sholáthar, a aistriú ná a onnmhairiú, ná leis an gcúnamh teicniúil nó cúnamh airgeadais lena mbaineann a sholáthar, i gcomhair úsáid neamh-mhíleata agus úsáideoir deiridh neamh-mhíleata, is é sin atá beartaithe chun na gcríoch seo a leanas:

(a) chun críoch daonnúil, éigeandálaí sláinte, chun teagmhas a chosc nó a mhaolú go práinneach, teagmhas ar dócha go mbeadh tionchar tromchúiseach suntasach aige ar shláinte agus ar shábháilteacht an duine nó ar an gcomhshaol nó mar fhreagairt ar thubaistí nádúrtha; nó

(b) chun críoch leighis nó cógaisíochta, ar choinníoll nach liostaítear iad in Iarscríbhinn XL a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014.

Dearbhóidh an t-onnmhaireoir sa dearbhú custaim go bhfuil na hearraí sin á n-onnmhairiú faoin díolúine ábhartha a leagtar amach sa mhír seo agus tabharfaidh sé fógra d'údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil cónaí ar an onnmhaireoir nó ina bhfuil se bunaithe faoin chéad úsáid in aghaidh an fhaighteora sa Rúis a bhaintear as an díolúine ábhartha.

3a. Gan dochar do na ceanglais údarúcháin de bhun Rialachán (AE) 2021/821, ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 1a den Airteagal seo maidir le hidirthuras earraí agus teicneolaíochta dé-úsáide trí chríoch na Rúise atá beartaithe chun na gcríoch a leagtar amach i mír 3 den Airteagal seo.';

(b) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

'3b. Déanfaidh na Ballstáit foráil maidir le ceanglais tuairiscithe a ghabhann le húsáid na ndíolúintí faoi mhír 3 agus aon fhaisnéis bhreise maidir le hearraí a onnmhairítear faoi na díolúintí sin a cheanglóidh an Ballstát ina bhfuil cónaí ar an onnmhaireoir nó ina bhfuil sé bunaithe.';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 4 agus 4a:

'4. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2 den Airteagal seo, agus gan dochar do na ceanglais údarúcháin de bhun Rialachán (AE) 2021/821, féadfaidh na húdaráis inniúla údarú a thabhairt earraí agus teicneolaíocht dé-úsáide a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó an cúnamh teicniúil nó cúnamh airgeadais lena mbaineann a sholáthar, i gcomhair úsáid neamh-mhíleata agus úsáideoir deiridh neamh-mhíleata, tar éis don údarás sin a chinneadh go bhfuil na hearraí nó an teicneolaíocht sin nó an cúnamh teicniúil nó cúnamh airgeadais lena mbaineann beartaithe don mhéid seo a leanas:

(b) comhar idir-rialtasach i gcláir spáis;

(c) oibriú, cothabháil, athphróiseáil breosla agus sábháilteacht cumas núicléach sibhialta, chomh maith le comhar núicléach sibhialta, go háirithe i réimse an taighde agus na forbartha;

(d) sábháilteachta muirí;

(e) líonraí cumarsáide leictreonaí sibhialtacha atá ar fáil go neamhphoiblí agus nach maoin í ata faoi úinéireacht eintiteas atá faoi rialú poiblí nó eintiteas ina bhfuil sciar d'úinéireacht phoiblí os cionn 50 %;

(f) úsáid eisiach eintiteas atá faoi úinéireacht nó faoi rialú duine dlítheanaigh, eintitis nó comhlachta, go haonarach nó i gcomhpháirt, atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit nó tíre comhpháirtíochta;

(g) ionadaíochtaí taidhleoireachta an Aontais, na mBallstát agus na dtíortha comhpháirtíochta, lena n-áirítear toscaireachtaí, ambasáidí agus misin;

(h) cibearshlándáil agus slándáil faisnéise a áirithiú do dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha, d'eintitis agus do chomhlachtaí sa Rúis, cé is moite dá rialtas agus do na gnóthais atá faoi rialú díreach nó indíreach an rialtais sin;

(i) nuashonruithe bogearraí; nó

(j) úsáid mar ghairis chumarsáide tomhaltóirí; nó

(k) chun críoch leighis nó cógaisíochta, ar choinníoll go liostaítear iad in Iarscríbhinn XL a ghabhann le Rialachán (AE) 833/2014.

4a. De mhaolú ar mhír 1a, agus gan dochar do na ceanglais údarúcháin de bhun Rialachán (AE) 2021/821, féadfaidh na húdaráis inniúla idirthuras earraí agus teicneolaíochta dé-úsáide trí chríoch na Rúise a údarú tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil na hearraí nó an teicneolaíocht sin beartaithe chun na gcríoch a leagtar amach i bpointí (b), (c), (d), (h) agus (k) de mhír 4 den Airteagal seo.'

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mír 7:

'7. Agus cinneadh á dhéanamh maidir le hiarrataí ar údaruithe dá dtagraítear i míreanna 4 agus 5, ní dhéanfaidh na húdaráis inniúla údarú a dheonú má tá forais réasúnacha acu chun an méid seo a leanas a chreidiúint:

(i) go bhféadfadh sé gur úsáideoir deiridh míleata, duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht in Iarscríbhinn IV a bheadh san úsáideoir deiridh nó go bhféadfadh úsáid deiridh mhíleata a bheith ag na hearraí, mura gceadaítear díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú na n-earraí agus na teicneolaíochta dá dtagraítear i mír 1 den mhír seo nó má cheadaítear cúnamh gaolmhar teicniúil nó airgeadais a sholáthar faoi phointe (a) d' Airteagal 3b(1b);

(ii) go bhfuil díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú na n-earraí agus na teicneolaíochta dá dtagraítear i mír 1 nó soláthar an chúnaimh ghaolmhair theicniúil nó airgeadais beartaithe don tionscal eitlíochta nó spáis; nó

(iii) go bhfuil díolachán, soláthar, aistriú nó onnmhairiú earraí agus teicneolaíochta dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo nó soláthar an chúnaimh theicniúil ghaolmhair nó an chúnaimh airgeadais ghaolmhair beartaithe don earnáil fuinnimh, mura gceadaítear díolachán, soláthar, aistriú nó onnmhairiú den sórt sin nó don chúnamh teicniúil gaolmhar nó an cúnamh airgeadais gaolmhar faoi na heisceachtaí dá dtagraítear in Airteagal 4, míreanna 3 go 6.';

(11) leasaítear Airteagal 3a mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 3 agus 3a:

'3. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 maidir leis na hearraí ná leis an teicneolaíocht a dhíol, a sholáthar, a aistriú ná a onnmhairiú, ná leis an gcúnamh teicniúil nó cúnamh airgeadais lena mbaineann a sholáthar, i gcomhair úsáid neamh-mhíleata agus úsáideoir deiridh neamh-mhíleata, is é sin atá beartaithe chun na gcríoch seo a leanas:

(a) chun críoch daonnúil, éigeandálaí sláinte, chun teagmhas a chosc nó a mhaolú go práinneach, teagmhas ar dócha go mbeadh tionchar tromchúiseach suntasach aige ar shláinte agus ar shábháilteacht an duine nó ar an gcomhshaol nó mar fhreagairt ar thubaistí nádúrtha; nó

(b) chun críoch leighis nó cógaisíochta agus ar choinníoll go liostaítear iad in Iarscríbhinn XL a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014.

Dearbhóidh an t-onnmhaireoir sa dearbhú custaim go bhfuil na hearraí sin á n-onnmhairiú faoin díolúine ábhartha a leagtar amach sa mhír seo agus tabharfaidh sé fógra d'údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil cónaí ar an onnmhaireoir nó bunaithe faoin chéad úsáid in aghaidh an fhaighteora sa Rúis a bhaintear as an díolúine ábhartha.

3a. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 1a maidir le hidirthuras earraí agus teicneolaíochta trí chríoch na Rúise lena bhféadfaí rannchuidiú le feabhsú míleata agus teicneolaíoch na Rúise, ná le forbairt a hearnála cosanta agus slándála, mar a liostaítear in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, atá beartaithe chun na gcríoch a leagtar amach i mír 3.';

(b) cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:

'3b. Déanfaidh na Ballstáit foráil maidir le ceanglais tuairiscithe a ghabhann le húsáid na ndíolúintí faoi mhír 3 agus aon fhaisnéis bhreise maidir le hearraí a onnmhairítear faoi na díolúintí sin a cheanglóidh an Ballstát ina bhfuil cónaí ar an onnmhaireoir nó in bhfuil sé bunaithe.';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mír 4 agus 4a:

'4. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2 den Airteagal seo, féadfaidh na húdaráis inniúla údarú a thabhairt na hearraí nó teicneolaíocht a liostaítear in Iarscríbhinn VII de Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó an cúnamh teicniúil nó cúnamh airgeadais lena mbaineann a sholáthar, i gcomhair úsáid neamh-mhíleata agus úsáideoir deiridh neamh-mhíleata, tar éis don údarás sin a chinneadh go bhfuil na hearraí nó an teicneolaíocht sin nó an cúnamh teicniúil nó cúnamh airgeadais lena mbaineann beartaithe don mhéid seo a leanas:

(b) comhar idir-rialtasach i gcláir spáis;

(c) oibriú, cothabháil, athphróiseáil breosla agus sábháilteacht cumas núicléach sibhialta, chomh maith le comhar núicléach sibhialta, go háirithe i réimse an taighde agus na forbartha;

(d) sábháilteachta muirí;

(e) líonraí cumarsáide leictreonaí sibhialtacha atá ar fáil go neamhphoiblí agus nach maoin í ata faoi úinéireacht eintiteas atá faoi rialú poiblí nó eintiteas ina bhfuil sciar d'úinéireacht phoiblí os cionn 50 %;

(f) úsáid eisiach eintiteas atá faoi úinéireacht nó faoi rialú duine dlítheanaigh, eintitis nó comhlachta, go haonarach nó i gcomhpháirt, atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit nó tíre comhpháirtíochta;

(g) ionadaíochtaí taidhleoireachta an Aontais, na mBallstát agus na dtíortha comhpháirtíochta, lena n-áirítear toscaireachtaí, ambasáidí agus misin;

(h) cibearshlándáil agus slándáil faisnéise a áirithiú do dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha, d'eintitis agus do chomhlachtaí sa Rúis, cé is moite dá rialtas agus do na gnóthais atá faoi rialú díreach nó indíreach an rialtais sin;

(i) le haghaidh úsáid eisiach agus faoi rialú iomlán an Bhallstáit údaraithe agus chun a oibleagáidí cothabhála a chomhlíonadh i limistéir atá faoi chomhaontú léasa fhadtéarmaigh idir an Ballstát sin agus Cónaidhm na Rúise;

(j) nuashonruithe bogearraí; nó

(k) úsáid mar ghairis chumarsáide tomhaltóirí.

(l) chun críoch leighis nó cógaisíochta, ar choinníoll go liostaítear iad in Iarscríbhinn XL a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014.

4a. De mhaolú ar mhír 1a, féadfaidh na húdaráis inniúla idirthuras earraí agus teicneolaíochta trí chríoch na Rúise a údarú ar earraí agus teicneolaíocht iad lena bhféadfaí rannchuidiú le feabhsú míleata agus teicneolaíoch na Rúise, nó le forbairt a hearnála cosanta agus slándála, mar a liostaítear in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil na hearraí nó an teicneolaíocht sin beartaithe chun na gcríoch a leagtar amach i bpointí (b), (c), (d) agus (h) de mhír 4 den Airteagal seo.'

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7?

'7. Agus cinneadh á dhéanamh maidir le hiarrataí ar údaruithe dá dtagraítear i míreanna 4 agus 5, ní dhéanfaidh na húdaráis inniúla údarú a dheonú má tá forais réasúnacha acu chun an méid seo a leanas a chreidiúint:

(i) go bhféadfadh sé gur úsáideoir deiridh míleata, duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht in Iarscríbhinn IV a bheadh san úsáideoir deiridh nó go bhféadfadh úsáid deiridh mhíleata a bheith ag na hearraí, mura gceadaítear díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú na n-earraí agus na teicneolaíochta dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo nó má cheadaítear cúnamh gaolmhar teicniúil nó airgeadais a sholáthar faoi phointe (a) d'Airteagal 3b (1b), pointe (a);

(ii) go bhfuil díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú na n-earraí agus na teicneolaíochta dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo nó soláthar an chúnaimh ghaolmhair theicniúil nó airgeadais beartaithe don tionscal eitlíochta nó spáis; nó

(iii) go bhfuil díolachán, soláthar, aistriú nó onnmhairiú earraí agus teicneolaíochta dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo nó soláthar an chúnaimh theicniúil ghaolmhair nó an chúnaimh airgeadais ghaolmhair beartaithe don earnáil fuinnimh, mura gceadaítear díolachán, soláthar, aistriú nó onnmhairiú den sórt sin nó don chúnamh teicniúil gaolmhar nó an cúnamh airgeadais gaolmhar faoi na heisceachtaí dá dtagraítear in Airteagal 4, míreanna 3 go 6.';

(12) leasaítear Airteagal 3b mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Beidh toirmeasc ar earraí agus teicneolaíocht dé-úsáide, chomh maith leis na hearraí agus an teicneolaíocht a liostaítear in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, go díreach nó go hindíreach, bíodh na hearraí agus an teicneolaíocht sin de thionscnamh an Aontais nó ná bíodh, le haon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht a liostaítear in Iarscríbhinn IV.';

(b) cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:

'1a. Cuirfear toirmeasc ar an méid seo a leanas:

(a) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar a bhaineann leis na hearraí agus an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1, agus a bhaineann le soláthar, monaraíocht agus cothabháil na n-earraí agus na teicneolaíochta sin, go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht a liostaítear in Iarscríbhinn IV;

(b) maoiniú nó cúnamh airgeadais a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 a sholáthar chun na hearraí agus an teicneolaíocht sin a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó chun cúnamh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar, go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, d'eintiteas nó do chomhlacht a liostaítear in Iarscríbhinn IV;

(c) cearta maoine intleachtúla nó rúin trádála a dhíol, a cheadúnú nó a aistriú ar bhealach ar bith eile agus cearta rochtana nó athúsáide a thabhairt d'aon ábhar nó faisnéis a chosnaítear trí bhíthin cearta maoine intleachtúla nó ar rúin trádála iad a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 agus le soláthar, monarú, cothabháil agus úsáid na n-earraí agus na teicneolaíochta sin, go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht a liostaítear in Iarscríbhinn IV.

1b. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 1a den Airteagal seo, agus gan dochar do na ceanglais údarúcháin de bhun Rialachán (AE) 2021/821, ní fhéadfaidh na húdaráis inniúla a cheadú na hearraí agus teicneolaíocht dé-úsáide, chomh maith leis na hearraí agus teicneolaíocht a liostaítear in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú ná cúnamh gaolmhar teicniúil nó airgeadais a sholáthar ach amháin tar éis dóibh an méid seo a leanas a chinneadh:

(a) go bhfuil gá leis na hearraí nó leis an teicneolaíocht sin nó leis an gcúnamh gaolmhar teicniúil nó airgeadais chun teagmhas a chosc nó a mhaolú go práinneach, ar teagmhas é ar dócha go mbeadh tionchar tromchúiseach suntasach aige ar shláinte agus ar shábháilteacht an duine nó ar an gcomhshaol; nó

(b) go bhfuil na hearraí nó an teicneolaíocht sin nó an cúnamh airgeadais gaolmhar nó an cúnamh teicniúil gaolmhar sin dlite faoi chonarthaí a tugadh i gcrích roimh an 26 Feabhra 2022, nó faoi chonarthaí coimhdeacha is gá chun conradh den sórt sin a fhorghníomhú, ar choinníoll go n-iarrtar an t-údarú roimh an 1 Bealtaine 2022.';

(13) leasaítear Airteagal 4 mar a leanas:

(a) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

'1a. Beidh toirmeasc ar bhogearra mar a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, a dhíol, a sholáthar, a aistriú, a onnmhairiú nó a chur ar fáil, go díreach nó go hindíreach, d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis, lena n-áirítear a Limistéar Eacnamaíoch Eisiach agus a Scairbh Ilchríochach nó lena n-úsáid sa Rúis, lena n-áirítear a Limistéar Eacnamaíoch Eisiach agus a Scairbh Ilchríochach.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2 cuirfear toirmeasc ar an méid seo a leanas:

(a) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar a bhaineann leis na hearraí agus an teicneolaíocht dá dtagraítear i míreanna 1 agus 1a, agus a bhaineann le soláthar, monaraíocht agus cothabháil na n-earraí agus na teicneolaíochta sin, go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis nó lena n-úsáid sa Rúis;

(b) maoiniú nó cúnamh airgeadais a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht dá dtagraítear i míreanna 1 agus 1a a sholáthar chun na hearraí agus an teicneolaíocht sin a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó chun cúnamh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar, go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, d'eintiteas nó do chomhlacht sa Rúis nó lena n-úsáid sa Rúis;

(c) cearta maoine intleachtúla nó rúin trádála a dhíol, a cheadúnú nó a aistriú ar bhealach ar bith eile agus cearta rochtana nó athúsáide a thabhairt d'aon ábhar nó faisnéis a chosnaítear trí bhíthin cearta maoine intleachtúla nó ar rúin trádála iad a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht dá dtagraítear i míreanna 1 agus 1a agus le soláthar, monarú, cothabháil agus úsáid na n-earraí agus na teicneolaíochta sin, go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis nó lena n-úsáid sa Rúis.';

(c) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

'3a. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc i mír 1a maidir le bogearraí a dhíol, a sholáthar, a aistriú, a onnmhairiú ná a sholáthar, ar bogearraí iad is gá lena bhforghníomhú go dtí an 26 Bealtaine 2025 na gconarthaí a tugadh i gcrích roimh an 25 Feabhra 2025, nó conarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a fhorghníomhú.';

(d) scriostar mír 4;

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhoclaíocht thosaigh mhír 6:

'6. De mhaolú ar mhíreanna 1, 1a agus 2, féadfaidh na húdaráis inniúla, faoi cibé coinníollacha is iomchuí leo, a údarú aon chúnamh teicniúil nó cúnamh airgeadais a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú agus a sholáthar, tar éis dóibh an méid seo a leanas a chinneadh:';

(14) leasaítear Airteagal 4a mar a leanas:

(a) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

'3b. De mhaolú ar mhír 2, féadfaidh na húdaráis inniúla gníomhaíochtaí mianadóireachta agus cairéalachta a údarú a dtagann a luach is airde ó aon cheann de na hábhair a liostaítear in Iarscríbhinn XXX a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a tháirgeadh, nó arb é is príomhchuspóir dóibh aon cheann de na hábhair siúd a liostaítear san Iarscríbhinn sin a tháirgeadh.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4 Cuirfidh an Ballstát nó na Ballstáit lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú a dheonaítear faoi mhíreanna 3, 3a agus 3b laistigh de choicís ón údarú.’;

(c) scriostar mír 5;

(15) leasaítear Airteagal 4b mar a leanas:

(a) i mír 2, scriostar pointe (b);

(b) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

‘2a. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh na húdaráis inniúla, faoi cibé coinníollacha a mheasann siad is iomchuí, soláthar maoinithe phoiblí nó cúnaimh airgeadais a údarú suas le luach iomlán EUR 10 000 000 in aghaidh an tionscadail, ar maoiniú nó cúnamh é a théann chun tairbhe d’fhiontair bheaga agus mheánmhéide atá bunaithe san Aontas.’;

(c) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

‘5. Cuirfidh an Ballstát nó na Ballstáit lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú a dheonaítear faoi mhíreanna 3a agus 4 laistigh de choicís ón údarú.’;

(16) leasaítear Airteagal 4e mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Toirmiscfear ar aon aerárthach atá á oibriú ag aeriompróirí Rúiseacha, lena n-áirítear ina gcáil mar iompróir margaíochta trí shocruithe roinnte cóid nó trí shocruithe suíochán blocáilte nó ar aon aerárthach atá cláraithe sa Rúis, nó ar aon aerárthach nach bhfuil cláraithe sa Rúis atá faoi úinéireacht ag aon duine Rúiseach nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas Rúiseach nó comhlacht Rúiseach, nó atá cairtfhostaithe aige, tuirlingt i gcríoch an Aontais, éirí de thalamh uaithi nó eitilt thairsti. Beidh feidhm ag an toirmeasc sa mhír seo freisin maidir le haon aerárthach eile, i ndáil le duine Rúiseach nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas Rúiseach nó comhlacht Rúiseach in ann áit nó am éirí de thalamh nó tuirlingthe an aerárthaigh a chinneadh go héifeachtach. Gan dochar do na rialacha a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 923/2012 ón gCoimisiún (*) maidir le pleananna eitilte a chur isteach le haghaidh eitiltí thar theorainneacha, ní bheidh feidhm ag an toirmeasc sa mhír seo maidir le haerárthaí faoi fhoireann ag a bhfuil spás uasta suí ceathrair agus ag a bhfuil uasmhais éirí de thalamh nach mó ná 2 000 kg nuair a úsáidtear iad le haghaidh eitiltí príobháideacha, neamhthráchtála, neamhchorparáideacha laistigh de chríoch agus d’aerspás an Aontais a dhéantar chun críoch áineasa nó chun críche oiliúna le haghaidh ceadúnais do phíolótaí príobháideacha agus rátálacha gaolmhara le soláthraithe oiliúna de chuid an Aontais.

(*) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 923/2012 ón gCoimisiún an 26 Meán Fómhair 2012 lena leagtar síos rialacha comhchoiteanna an aeir agus forálacha oibríochtúla maidir le seirbhísí agus nósanna imeachta san aerloingseoireacht agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1035/2011 agus Rialacháin (CE) Uimh. 1265/2007, (CE) Uimh. 1794/2006, (CE) Uimh. 730/2006, (CE) Uimh. 1033/2006 agus (AE) Uimh. 255/2010 (IO L 281, 13.10.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2012/923/oj).’;

(b) cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:

‘1b. Aon aeriompróir a oibríonn eitiltí intíre laistigh den Rúis nó a dhíolann, a sholáthraíonn, a aistríonn nó a onnmhairíonn, go díreach nó go hindíreach, aerárthaí nó aon cheann de na hearraí nó den teicneolaíocht dá dtagraítear in Airteagal 4d (1), d’aeriompróir Rúiseach nó d’eitiltí laistigh den Rúis, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XX, agus d’aon eintiteas atá faoi úinéireacht nó faoi rialú an aeriompróra sin, toirmeascfar air tuirlingt i gcríoch an Aontais, éirí de thalamh uaithi nó eitilt thairsti.’

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 agus 1b i gcás tuirlingthe éigeandála nó traseitilte éigeandála.’;

(d) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

‘3. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 1b, féadfaidh na húdaráis inniúla aerárthach a údarú tuirlingt i gcríoch an Aontais, éirí de thalamh uaithi nó eitilt thairsti má chinneann na húdaráis inniúla gur gá an tuirlingt, an t-éirí de thalamh nó an eitilt thairsti sin chun críoch daonnúil nó chun aon chríche eile atá comhsheasmhach le cuspóirí an Chinnidh seo agus Rialachán (AE) Uimh. 833/2014.’;

(e) cuirtear isteach an mhír seo leanas:

‘3a. De mhaolú ar mhír 1 den Airteagal seo, féadfaidh na húdaráis inniúla aerárthach gan foireann a a oibrítear sa chatagóir oscailte, mar a shainmhínítear faoi in Airteagal 4 de Rialachán Cur Chun Feidhme 2019/947 ón gCoimisiún (*), agus a úsáidtear le haghaidh eitiltí príobháideacha, neamhthráchtála, neamhchorpraithe a dhéantar laistigh de chríoch an Aontais agus le haghaidh aerspáis chun críocha áineasa, a údarú, faoi cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, tuirlingt i gcríoch an Aontais, éirí de thalamh uaithi nó eitilt thairsti.

(*) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/947 ón gCoimisiún an 24 Bealtaine 2019 maidir leis na rialacha agus na nósanna imeachta le haghaidh oibriú aerárthaí gan foireann (IO L 152, 11.6.2019, lch. 45, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2019/947/oj).’;

(f) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Cuirfidh an Ballstát nó na Ballstáit lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoi mhíreanna 3 agus 3a laistigh de 2 sheachtain ón údarú.’;

(17) leasaítear Airteagal 4k mar a leanas:

(a) cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:

‘3cg. Maidir leis na hearraí a thagann faoi chód AC 7601, ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 maidir leis an allmhairiú, leis an gceannach nó leis an iompar, nó leis an gcúnamh teicniúil nó airgeadais gaolmhar atá riachtanach chun 275 000 tona méadrach de na hearraí sin a allmhairiú isteach san Aontas idir an 25 Feabhra 2025 agus an 26 Feabhra 2026

3ch. Maidir leis na hearraí a thagann faoi chóid AC 7601, ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 maidir leis an bhforghníomhú ón 26 Feabhra 2026 go dtí an 31 Nollaig 2026 i gcás conarthaí a tugadh i gcrích roimh an 25 Feabhra 2025, nó conarthaí coimhdeacha is gá chun conarthaí mar sin a fhorghníomhú, i gcomhair méid iomlán allmhairí isteach san Aontas le linn na tréimhse sin nach mó ná 50 000 tona méadrach de na hearraí sin.’;

(b) scriostar míreanna 3cb, 3cf agus 3da.

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3e:

‘3e. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2 den Airteagal seo, féadfaidh na húdaráis inniúla ceannach, allmhairiú nó aistriú earraí a thagann faoi chóid AC 7007, 7019, 8415, 8479, 8481, 8483, 8487, 8504, 8517, 8518, 8525, 8531, 8536, 8537, 8538, 8539, 8542, 8543, 8603 mar a liostaítear in Iarscríbhinn XXI a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, nó soláthar cúnaimh theicniúil agus airgeadais ghaolmhair a údarú, faoi na coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil gá leis sin chun gluaisteáin líne mheitreo 3 i mBúdaipeist, arna seachadadh in 2018, a oibriú, a chothabháil nó a dheisiú, agus ráthaíocht ré feidhme a thug Metrowagonmash roimh an 24 Meitheamh 2023 á forghníomhú.’;

(d) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

‘3f. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh na húdaráis inniúla allmhairiú earraí a thagann faoi chóid AC 9026, 9027 agus 9031, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XXI a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, lena n-áirítear soláthar cúnaimh theicniúil agus airgeadais ghaolmhair maidir leis na hearraí allmhairithe sin a údarú, faoi na coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, chun críocha pointí tomhais amhola príomhúla agus tánaisteacha a chothabháil, a dheisiú nó a dheimhniú go tréimhsiúil ar phíblíne Druzhba isteach san Aontas, agus tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil géarghá leis na hearraí chun seirbhísí a sholáthar chun soláthairtí amhola gan bhriseadh a áirithiú trí phíblíne Druzhba ón Rúis, dá dtagraítear in Airteagal 4o (3) pointe (d), agus go n-onnmhaireofar iad de bhun Airteagal 4m(4f) ar feadh tréimhse ama a bhfuil géarghá léi chun críocha píblíne Druzhba a chothabháil, a dheisiú nó a dheimhniú go tréimhsiúil.’;

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

'5. Déanfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit na cuótaí méideanna allmhairiúcháin a leagtar amach i míreanna 3cc, 3cd, 3cg agus 4 den Airteagal seo a bhainistiú i gcomhréir leis an gcóras bainistíochta le haghaidh taraif-chuótaí dá bhforáiltear in Airteagail 49 go 54 de Rialachán (AE) 2015/2447.';

(18) leasaítear Airteagal 4m mar a leanas:

(a) scriostar míreanna 3ab, 3ac, 3ad, 3ae agus 3af;

(b) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

'3ag. Maidir le ceimiceáin, plaistigh agus rubar áirithe, ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 maidir leis an bhforghníomhú go dtí an 26 Bealtaine 2025 conarthaí a tugadh i gcrích roimh an 25 Feabhra 2025, nó conarthaí coimhdeacha atá riachtanach chun na conarthaí sin a fhorghníomhú.';

(c) i mír 4a, cuirtear an pointe seo a leanas leis:

'(d) earraí a thagann faoi chód AC 7007 19 80';

(d) cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:

'4f. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh na húdaráis inniúla, faoi cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, onnmhairiú na n-earraí a thagann faoi chóid AC 9026, 9027 agus 9031, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XXIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, ar údaraíodh a n-allmhairiú roimhe sin de bhun Airteagal 4k(3f).;

4g. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh na húdaráis inniúla, faoi cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, onnmhairiú agus aistriú na n-earraí a thagann faoi chóid AC 8517.62 agus 8523.52, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XXIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, a údarú, ar choinníoll go bhfuil siad beartaithe le haghaidh líonraí cumarsáide leictreonaí sibhialtacha nach bhfuil ar fáil go poiblí agus nach maoin le heintiteas atá faoi rialú poiblí nó a bhfuil níos mó ná 50 % d'úinéireacht phoiblí aige.';

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5aa:

'5aa. Féadfaidh údaráis inniúla na mBallstát, faoi na coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú na n-earraí a thagann faoi chód AC 2920 90, 3917 10 agus 3920 62 a údarú, nó soláthar cúnaimh theicniúil nó airgeadais ghaolmhair a údarú, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil na hearraí sin á ndíol, á soláthar, á n-aistriú nó á n-onnmhairiú le haghaidh táirgeadh earraí bia atá ceaptha lena n-ithe ag an duine sa Rúis.';

(f) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7:

'7. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú a dheonaítear faoi mhíreanna 5, 5a, 5b, 5c agus 5g laistigh de 2 sheachtain ón údarú.';

(19) in Airteagal 4n, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mír 1b:

'1b. Aon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe san Aontas agus ar le duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht Rúiseach 25 % nó níos mó, beidh toirmeasc ar a ligean isteach chun bheith ina ghnóthas iompair de bhóthar a iompraíonn earraí de bhóthar laistigh de chríoch an Aontais, lena n-áirítear le linn idirthurais.

Aon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe san Aontas roimh an 8 Aibreán 2022, ar gnóthas iompair de bhóthar é cheana a iompraíonn earraí de bhóthar laistigh de chríoch an Aontais, lena n-áirítear faoi bhealach, toirmiscfear orthu aon athrú a dhéanamh ar a struchtúr caipitil lena méadófaí a thuilleadh sciar céatadáin aon úinéireachta Rúisigh, ach amháin má fhanann an sciar céatadáin sin faoi bhun 25 tar éis athrú den sórt sin.';

(20) in Airteagal 4o(8), cuirtear an fhomhír seo a leanas leis:

'Ón 25 Feabhra 2025, de mhaolú ar na toirmisc dá dtagraítear sa tríú fomhír, féadfaidh údaráis inniúla na Slóvaice agus na hUngáire, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh siad a bheith iomchuí, díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú táirgí peitriliam áirithe ón tSlóvaic go dtí an Ungáir nó ón Ungáir go dtí an tSlóvaic, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XXXI a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, a údarú, ar táirgí iad a fhaightear ó amhola arna hallmhairiú faoi mhír 3, pointe (d), den Airteagal seo tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil na táirgí beartaithe lena n-úsáid go heisiach sa dá Bhallstát sin.';

(21) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

'*Airteagal 4pb*

1. Tá toirmeasc ar amhola nó táirgí peitriliam mar a liostaítear in Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis an gCinneadh seo, a stóráil go sealadach i gcríoch an Aontais, mar a shainmhínítear faoi Airteagal 5, pointe 17, de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*), agus a chur faoin nós imeachta maidir le saorlimistéar in Airteagal 245(3) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, más de thionscnamh na Rúise na hearraí nó más ón Rúis a onnmhairítear iad.

2. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 1 maidir le hearraí atá san Aontas cheana féin ar an 25 Feabhra 2025 go dtí an 26 Bealtaine 2025.

3. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 1 den Airteagal seo maidir le Ballstáit a bhaineann tairbhe as an díolúine in Airteagal 4o (3) pointe (d), agus in Airteagal 4o(4).

4. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc sin i mír 1 maidir le hamhola mhuiriompartha agus táirgí peitriliam a liostaítear in Iarscríbhinn XIII, i gcás gur de thionscnamh tríú tír na hearraí sin agus nach bhfuil siad ach á luchtú sa Rúis, ag imeacht ón Rúis nó ar idirthuras tríd an Rúis, ar choinníoll nach de thionscnamh na Rúise na hearraí sin agus nach Rúiseach úinéir na n-earraí sin.

(*) Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/952/oj).';

(22) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4u (10):

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 8:

'8. Chun críocha mhíreanna 3 agus 4 den Airteagal seo, earraí a thagann faoi chóid AC 7102 31 00 agus 7102 10 00 a allmhairítear isteach san Aontas, cuirfear faoi bhráid an údaráis a shonraítear in Iarscríbhinn XXXVIIIB a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 iad lena bhfíorú gan mhoill, mar aon le deimhniú de bhun Rialachán (CE) Uimh. 2368/2002 ón gComhairle (*) ina luaitear go soiléir tír thionscnaimh na mianadóireachta nó tíortha tionscnaimh na mianadóireachta. Áiritheoidh an Ballstát ina dtabharfar na hearraí sin isteach i gcríoch chustaim an Aontais go gcuirfear iad faoi bhráid an údaráis a shonraítear in Iarscríbhinn XXXVIIIB a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014. Féadfar idirthuras custaim a dheonú chuige sin. Má dheonaítear an t-idirthuras custaim sin, cuirfear an fíorú dá bhforáiltear sa mhír seo ar fionraí go dtí go bhfaighidh an t-údarás a shonraítear in Iarscríbhinn XXXVIIIB a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 na hearraí sin. Beidh an t-allmhaireoir freagrach as gluaiseacht cheart na n-earraí sin agus costais na gluaiseachta sin. Ní bheidh gá na hearraí a chur faoi bhráid an údaráis sin ar choinníoll go ndearnadh an nós imeachta fíorúcháin dá bhforáiltear sa mhír seo orthu roimhe seo agus ar choinníoll go gcruthaítear é sin le fianaise atá bunaithe ar inrianaitheacht, lena n-áirítear deimhniú comhfhreagrach lena ndeimhnítear nach ndéantar na diamaint a bhaint, a phróiseáil ná a tháirgeadh sa Rúis, mar a fhoráiltear i mír 10.

(*) Rialachán (CE) Uimh. 2368/2002 ón gComhairle an 20 Nollaig 2002 lena gcuirtear chun feidhme scéim deimhniúcháin Phróiseas Kimberley um thrádáil idirnáisiúnta i ndiamaint gharbha (IO L 358, 31.12.2002, lch. 28, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2002/2368/oj).';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 10:

'10. Chun críocha mhíreanna 3 agus 4, tráth an allmhairithe, cuirfidh allmhaireoirí fianaise ar fáil maidir le tír thionscnaimh na ndiamant nó na dtáirgí ina n-ionchorpraítear diamaint a úsáidtear mar ionchur chun an táirge a phróiseáil i dtríú tír.

Ón 1 Márta 2025 ar aghaidh, san fhianaise bunaithe ar inrianaitheacht le haghaidh táirgí a liostaítear i gCuid A d'Iarscríbhinn XXXVIIIA a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, a thagann faoi cóid AC 7102 10 00 agus 7102 31 00, áireofar deimhniú comhfhreagrach lena ndeimhnítear nár baineadh, nár próiseáladh ná nár táirgeadh na diamaint sa Rúis. Maidir le táirgí a thagann faoi chód AC 7102 39 00, mar a liostaítear i gCuid A d'Iarscríbhinn XXXVIIIA a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, beidh feidhm ag úsáid éigeantach fianaise atá bunaithe ar inrianaitheacht, lena n-áirítear deimhniú lena ndeimhnítear nach ndéantar na diamaint a bhaint, a phróiseáil ná a tháirgeadh sa Rúis, ón 1 Eanáir 2026 ar aghaidh.';

(23) in Airteagal 4w, cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

‘9a. Na toirmisc i míreanna 1 agus 2, ní bheidh feidhm acu maidir le seirbhísí athlódála chun críoch oibríochtaí trasloingsithe gáis nádúrtha leachtaithe a thagann faoi chód AC 2711 11 00, ar de thionscnamh na Rúise é nó a onnmhairítear ón Rúis, más gá an athlódáil sin chun é a iompar ó chalafort go calafort sa Bhallstát céanna, lena n-áirítear ó mhórthír Ballstáit chuig a chuig a réigiúin is forimeallaí féin.’;

(24) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4x, mír 3:

‘3. Ní bheidh feidhm ag mír 1 i gcás soitheach, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XVI a bhfuil cúnamh de dhíth air agus é ag lorg áit dídine, ná cuaird éigeandála ar chalafort de dhíth air ar chúiseanna sábháilteachta muirí, nó chun críoch daonnúil, nó chun duine a shábháil ar muir, nó chun teagmhas a chosc nó a mhaolú go práinneach, teagmhas ar dócha go mbeadh tionchar tromchúiseach nach beag aige ar shláinte agus ar shábháilteacht an duine nó ar an gcomhshaol, nó chun críoch imscrúdúcháin maidir le sáruithe ar fhorálacha an Rialacháin seo nó maidir le gníomhaíocht aindleathach eile.’;

(25) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4y:

‘*Airteagal 4y*

1. Toirmiscfear earraí agus teicneolaíocht a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, go díreach nó go hindíreach, agus toirmiscfear seirbhísí a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, d’aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis más le haghaidh tionscadail gáis nádúrtha leachtaithe a chur i gcrích, mar shampla críochfoirt agus gléasra, nó le haghaidh tionscadail amhola sa Rúis a chur i gcrích, amhail tionscadal taiscéalaíochta agus táirgthe, atá na hearraí, an teicneolaíocht agus na seirbhísí sin.

2. cuirfear toirmeasc ar an méid seo a leanas:

(a) cúnamh teicniúil nó seirbhísí bróicéireachta a bhaineann le hearraí, teicneolaíocht agus seirbhísí sa Rúis a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, nuair atá na hearraí, an teicneolaíocht agus na seirbhísí sin beartaithe le haghaidh tionscadail gáis nádúrtha leachtaithe mar sin a chur i gcrích;

(b) maoiniú nó cúnamh airgeadais a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, a bhaineann le hearraí, teicneolaíocht agus seirbhísí sa Rúis nuair atá na hearraí, an teicneolaíocht agus na seirbhísí sin beartaithe le haghaidh tionscadail gáis nádúrtha leachtaithe nó tionscadail amhola dá dtagraítear i mír 1 a chur i gcrích.

3. Beidh na toirmisc i míreanna 1 agus 2 a bhaineann le tionscadail amhola gan dochar d’fhorghníomhú, go dtí an 26 Bealtaine 2025, na gconarthaí a tugadh i gcrích roimh an 25 Feabhra 2025, nó na gconarthaí coimhdeacha is gá chun conarthaí den sórt sin a fhorghníomhú.

4. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i míreanna 1 agus 2 maidir le tionscadail táirgthe ola inar bunaíodh táirgeadh tráchtála rialta roimh an 25 Feabhre 2025.’;

(26) in Airteagal 4z, cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

‘5. De mhaolú ar na toirmisc i míreanna 1 agus 2, féadfaidh údarás inniúil Ballstáit, i gcás nach bhfuil críochfort gáis nádúrtha leachtaithe nasctha leis an gcóras idirnasctha gáis nádúrtha, ceannach, allmhairiú nó aistriú gáis nádúrtha leachtaithe a thagann faoi chód AC 2711 11 00, ar de thionscnamh na Rúise iad nó a onnmhairítear ón Rúis, a údarú, tar éis dó an méid seo a leanas a chinneadh:

(a) déantar an gás nádúrtha leachtaithe a cheannach, a allmhairiú nó a aistriú ó chríochfort atá suite i mBallstát eile agus tá an críochfort nasctha leis an gcóras idirnasctha gáis nádúrtha; agus

(b) úsáidtear an ceannach, an t-allmhairiú nó an t-aistriú chun an soláthar fuinnimh a áirithiú.

Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoin mír seo laistigh de 2 sheachtain ón údarú.’;

(27) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 5bb:

'*Airteagal 5bb*

1. Daoine nádúrtha agus dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí a dhíolann, a sholáthraíonn, a aistríonn nó a onnmhairíonn earraí ardtosaíochta coiteanna mar a liostaítear in Iarscríbhinn XL a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 nó earraí íogaire eile, déanfaidh siad an méid seo a leanas:

(a) bearta iomchuí a dhéanamh, i gcomhréir lena gcineál agus lena méid, chun na rioscaí a bhaineann le honnmhairiú chuig an Rúis agus onnmhairiú lena n-úsáid sa Rúis le haghaidh na n-earraí nó na teicneolaíochta sin a shainaithint agus a mheasúnú, agus a áirithiú go ndéanfar na measúnuithe riosca sin a dhoiciméadú agus a choinneáil cothrom le dáta;

(b) beartais, rialuithe agus nósanna imeachta iomchuí a chur chun feidhme, i gcomhréir lena gcineál agus lena méid, chun na rioscaí a bhaineann leis na hearraí agus an teicneolaíocht sin a onnmhairiú chun na Rúise agus a onnmhairiú lena n-úsáid sa Rúis, a mhaolú agus a bhainistiú go héifeachtach, gan beann ar cé acu ar leibhéal na n-oibreoirí nó ar leibhéal an Bhallstáit nó an Aontais a sainaithníodh na rioscaí sin.

1a. Beidh feidhm ag mír 1 ón 26 Nollaig 2024 maidir le hIarscríbhinn XL a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 agus ón 26 Bealtaine 2025 maidir le hearraí íogaire eile.

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir le daoine nádúrtha agus dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí a dhíolann, a sholáthraíonn nó a aistríonn earraí ardtosaíochta coiteanna mar a liostaítear in Iarscríbhinn XL a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 nó earraí íogaire eile laistigh den Aontas amháin nó chuig tíortha comhpháirtíochta a liostaítear in Iarscríbhinn VII.

3. Áiritheoidh daoine nádúrtha agus dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí, go ndéanfaidh aon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe lasmuigh den Aontas agus a bhfuil úinéireacht nó rialú acu air agus a dhíolann, a sholáthraíonn, a aistríonn nó a onnmhairíonn earraí ardtosaíochta coiteanna mar a liostaítear in Iarscríbhinn XL a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 nó earraí íogaire eile na ceanglais i bpointí (a) agus (b) de mhír 1 a chur chun feidhme.

3a. Beidh feidhm ag mír 3 ón 26 Nollaig 2024 maidir le hIarscríbhinn XL a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 agus ón 26 Bealtaine 2025 maidir le hearraí íogaire eile.

4. Ní bheidh feidhm ag mír 3 i gcás, ar chúiseanna nach raibh sé féin ina chúis leis, nach féidir le duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht rialú a fheidhmiú ar an duine dlítheanach, ar an eintiteas nó ar an gcomhlacht ar leis é.

5. Glacfaidh an tAontas na bearta is gá chun na hearraí ábhartha atá le cumhdach leis an Airteagal seo a chinneadh.';

(28) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 7a:

'1. Ní dhéanfar aon urghaire, ordú, faoiseamh, breithiúnas ná cinneadh eile cúirte de bhun Airteagal 248.1 nó Airteagal 248.2 de Chód Nós Imeachta Eadrána Chónaidhm na Rúise nó reachtaíocht choibhéiseach na Rúise, nó a dhíorthaítear uathu, a aithint, éifeacht a thabhairt dóibh nó a fhorfheidhmiú i mBallstát.

2. Ní dhéanfar aon iarraidh ar chúnamh le linn imscrúdaithe nó imeachtaí coiriúla eile, ná aon phionós ná smachtbhanna eile de bhun Chód Coiriúil na Rúise bunaithe ar shárú líomhnaithe ar urghaire, ordú, faoiseamh, breithiúnas nó cinneadh cúirte eile de bhun Airteagal 248.1 nó Airteagal 248.2 de Chód Nós Imeachta Eadrána Chónaidhm na Rúise nó de bhun reachtaíocht choibhéiseach na Rúise nó a dhíorthaítear uathu, a aithint, éifeacht a thabhairt dóibh nó a fhorfheidhmiú i mBallstát.';

(29) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8c:

'*Airteagal 8c*

Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar bhonn Airteagail 29 agus 30 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, Iarscríbhinní I, II, III, IV, V, VI, VIII, IX, X, XIV, XVI, XVII, XVIII, XIX, XX agus XXI a leasú.'

(30) leasaítear na hIarscríbhinní mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo iad.

Beidh feidhm ag an bpointe seo i leith ceann amháin de na heintitis nó roinnt de na heintitis dá dtagraítear i bpointe (3) den Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo ón 9 Aibreán 2025 agus ar choinníoll go gcinneann an Chomhairle amhlaidh d'aon toil, tar éis di scrúdú a dhéanamh ar na cásanna faoi seach.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Feabhra 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

K. KALLAS

IARSCRÍBHINN

(1) Cuirtear an méid seo leanas in ionad Iarscríbhinn IV a ghabhann le Cinneadh 2014/512/CBES:

'IARSCRÍBHINN IV

Liostaítear san Iarscríbhinn seo daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí ar úsáideoirí deiridh míleata iad, ar cuid de choimpléasc míleata agus tionsclaíoch na Rúise iad nó a bhfuil naisc tráchtála nó naisc eile acu le hearnáil cosanta agus slándála na Rúise nó a thacaíonn léi ar bhealach eile. Rannchuidíonn na daoine nádúrtha nó dlítheanacha, na heintitis nó na comhlachtaí seo le feabhsú míleata agus teicneolaíoch na Rúise nó le forbairt earnáil cosanta agus slándála na Rúise. Áirítear orthu sin daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí i dtríú tíortha diomaite den Rúis. Ní hionann iad a áireamh san Iarscríbhinn seo agus freagracht as a gcuid gníomhaíochtaí a leagan ar an dlínse ina mbíonn siad ag oibriú.

Liosta na ndaoine dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 3(7), 3a(7) agus 3b(1)

Uimhir	Ainm	Faisnéis Aitheantais	Dáta an liostaithe
1.	JSC Sirius Ainm áitiúil: Открытое Акционерное Общество «Концерн «Сириус» (ОАО «Концерн «Сириус») Dá ngairtear freisin: JSC Concern Sirius; Kontsern Sirius	Seoladh (nó Seoltaí):119435, Moscó, Pirogovskaya M. Str., 18, Foirgneamh 1, Cónaidhm na Rúise Uimhir theileafóin: + 7 (495) 926-78-9; + 7 (495) 772-42-82; + 7 (926) 998-67-10 Suíomh gréasáin: www.con-sirius.ru; http://rostec.ru/about/company/341 Uimhir Chlárúcháin: 7704730655 (Uimhir Aitheantais Chánach/INN)	12.9.2014
2.	OJSC Stankoinstrument Ainm áitiúil: Акционерное Общество «РТ-Станкоинструмент» (АО «РТ-Станкоинструмент») Dá ngairtear freisin: Joint Stock Company 'RT-Stankoinstrument'	Seoladh (nó Seoltaí):107996, Moscó, Gilyarovskogo Str., 65, Foirgneamh 1, Cónaidhm na Rúise Uimhir theileafóin: + 7 (495) 681-16-18, 681-10-39 Suíomh gréasáin: http://www.rt-stanko.ru Ríomhphost: info@rt-stanko.ru Uimhir Chlárúcháin: 7702715348 (Uimhir Aitheantais Chánach/INN)	12.9.2014
3.	OAO JSC Chemcomposite Ainm áitiúil: Акционерное Общество «РТ-Химические технологии и композиционные материалы» (АО «РТ-Химкомпозит») Dá ngairtear freisin: OJSC Khimkompozit; RT-Chemical Technologies and Composite Materials	Seoladh (nó Seoltaí):117218, Moscó, Krzhiszhanovskogo Str., 29, Seomra 6, Cónaidhm na Rúise; 119435, Bolshoy Savvinskiy Lane, 11, Bealach Isteach 1, Urlár 4, Cónaidhm na Rúise Uimhir theileafóin: + 7 (495) 783-6444 Suíomh gréasáin: http://rt-chemcomposite.ru/ Ríomhphost: office@rt-cc.ru Uimhir Chlárúcháin: 7734613934 (Uimhir Aitheantais Chánach/INN)	12.9.2014

Uimhir	Ainm	Faisnéis Aitheantais	Dáta an liostaithe
4.	JSC Kalashnikov Ainm áitiúil: Акционерное Общество «Концерн «Калашников» (АО «Концерн «Калашников») Dá ngairtear freisin: JSC Concern Kalashnikov; Izhevskiy Mashinostroitel'nyi Zavod; NPO Izhmash	Seoladh (nó Seoltaí):426006, Poblacht Udmurt, Izhevsk, Deryabina Avenue, 2/193, Seomra 78, Cónaidhm na Rúise Uimhir theileafóin: 8-800-200-1807 Suíomh gréasáin: https://kalashnikovgroup.ru Uimhir Chlárúcháin: 1832090230 (Uimhir Aitheantais Chánach/INN)	12.9.2014
5.	JSC Tula Arms Plant Ainm áitiúil: Публичное Акционерное Общество «Императорский Тульский Оружейный Завод» (ПАО «Императорский Тульский Оружейный Завод») Dá ngairtear freisin: PJSC Imperial Tula Arms Plant; Public Joint Stock Company 'Imperatorsky Tulsky Oruzheiny Zavod'	Seoladh (nó Seoltaí):300041, Réigiún Tula, Tula, Sovetskaya Str., 1A, Cónaidhm na Rúise Uimhir theileafóin: + 7 (4872) 32-14-99 Suíomh gréasáin: https://www.itoz.ru/ Ríomhphost: mail@tulatoz.ru Uimhir Chlárúcháin: 7107003303 (Uimhir Aitheantais Chánach/INN)	12.9.2014
6.	NPK Technologii Maschinostrojenija Ainm áitiúil: Акционерное Общество «Научно-Производственный Концерн «Технологии Машиностроения» (АО «НПК «Техмаш») Dá ngairtear freisin: NPK Engineering Technology; Tecmash Concern; Kontsern 'Tecmash' JSC Research and Production Concern Machine Building Technologies; JSC 'Scientific-Production Concern 'Mechanical Engineering'; Joint Stock Company Scientific Production Concern Tekhmash	Seoladh (nó Seoltaí):115184, Moscó, Bolshaya Tatarskaya Str., 35, Foirgneamh 5, Oifig 728, Cónaidhm na Rúise; 125212, Moscó, Leningradskoe Highway, 58, Foirgneamh 4, Cónaidhm na Rúise Uimhir theileafóin: + 7 (495) 459-99-05; + 7 (495) 459-98-81 Suíomh gréasáin: http://www.tecmash.ru/ Ríomhphost: info@tecmash.ru Uimhir Chlárúcháin: 7743813961 (Uimhir Aitheantais Chánach/INN)	12.9.2014

Uimhir	Ainm	Faisnéis Aitheantais	Dáta an liostaithe
7.	OAO Wysokototschnye Kompleksi Ainm áitiúil: Акционерное Общество «НПО «Высокоточные Комплексы» (АО «НПО «Высокоточные Комплексы») Dá ngairtear freisin: JSC NPO 'High-precision complexes'; High Precision Systems; NPO Vysokotochnye Kompleksy AO	Seoladh (nó Seoltaí):119019, Moscó, Gogolevsky Boulevard, 21, Foirgneamh 1, Cónaidhm na Rúise; 121059, Moscó, Kievskaya Str., 7, Cónaidhm na Rúise Uimhir theileafóin: + 7 (495) 981-92-77; Suíomh gréasáin: https://www.npovk.ru/ Ríomhphost: npovk@npovk.ru Uimhir Chlárúcháin: 7704721192 (Uimhir Aitheantais Chánach/INN)	12.9.2014
8.	OAO Almaz Antey Ainm áitiúil: Акционерное Общество «Концерн Воздушно-Космической Обороны «Алмаз - Антей» (АО «Концерн ВКО «Алмаз - Антей») Dá ngairtear freisin: JSC Concern VKO 'Almaz-Antey'; Almaz-Antey Corporation; 'Almaz – Antey' Air and Space Defence Corporation', Joint Stock Company	Seoladh (nó Seoltaí):121471, Moscó, Vereyskaya Str., 41, Cónaidhm na Rúise Uimhir theileafóin: + 7 (495) 276 29 75, + 7 (495) 231 70 45, + 7 (495) 276 29 80, + 7 (495) 231 70 45 Suíomh gréasáin: http://www.almaz-antey.ru/ Ríomhphost: antey@almaz-antey.ru Uimhir Chlárúcháin: 7731084175 (Uimhir Aitheantais Chánach/INN)	12.9.2014
9.	OAO NPO Bazalt Ainm áitiúil: Акционерное Общество «Научно-Производственное Объединение «Базальт» (АО «НПО «Базальт») Dá ngairtear freisin: JSC 'Scientific and Production Association 'Basalt'; Joint Stock Company 'Research and Production Association 'BAZALT'	Seoladh (nó Seoltaí):105318, Moscó, Velyaminovskaya Str. 32, Cónaidhm na Rúise; 141292, Krasnoarmeysk, Dachnaya Str., 2A, Cónaidhm na Rúise; 300004, Tula, Shcheglovskaya Zaseka Str., 53, Cónaidhm na Rúise; 157800, Nerekhta, Metallistov Square, 1, Cónaidhm na Rúise Uimhir theileafóin: + 7 (499) 369-01-22; + 7 (495) 993-60-81; + 7 (4872) 70-18-26; + 7 (49431) 7-55-43 Suíomh gréasáin: https://bazalt.ru/ Ríomhphost: moscow@bazalt.ru; knpp@bazalt.ru; tpp@bazalt.ru; nmz@bazalt.ru Uimhir Chlárúcháin:7719830028 (Uimhir Aitheantais Chánach/INN)	12.9.2014

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/394/oj

Uimhir	Ainm	Faisnéis Aitheantais	Dáta an liostaithe
10.	Admiralty Shipyard JSC Ainm áitiúil: Акционерное Общество «Адмиралтейские Верфи» (АО «Адмиралтейские Верфи») Dá ngairtear freisin: JSC Admiralteyskiye Verfi; Soviet Shipyard No. 194	Seoladh (nó Seoltaí): 190121, Cathair Pheadair, Fontanka River Embankment, 203, Cónaidhm na Rúise Uimhir theileafóin:+7 (812) 714-88-33 Suíomh gréasáin: http://admship.ru/ Ríomhphost: info@ashipyards.com Uimhir Chlárúcháin: 7839395419 (Uimhir Aitheantais Chánach/INN)	25.2.2022
11.	Aleksandrov Scientific Research Technological Institute NITI Ainm áitiúil: Федеральное Государственное Унитарное Предприятие «Научно-Исследовательский Технологический Институт имени А.П. Александрова» (ФГУП «НИТИ им. А.П. Александрова») Dá ngairtear freisin: Federal State unitary Enterprise Alexandrov Research Institute of Technology; FGUP 'A.P. Aleksandrov NITI'; FSUE Alexandrov NITI	Seoladh (nó Seoltaí): 188540, Réigiún Leningrad, Sosnovy Bor, Koporskoye Shosse, 72, Cónaidhm na Rúise Uimhir theileafóin:+7 81369 22667 Suíomh gréasáin: https://niti.ru/ Ríomhphost: foton@niti.ru Uimhir Chlárúcháin: 4714000067 (Uimhir Aitheantais Chánach/INN)	25.2.2022
12.	Argut OOO Ainm áitiúil: Общество с Ограниченной Ответственностью «Аргут» (ООО «Аргут») Dá ngairtear freisin: Argut LLC	Seoladh (nó Seoltaí): 127287, Moscó, Khutorskaya Str., 2, 38A, Foirgneamh 1, Cónaidhm na Rúise; 123007, Moscó, Mnyovniki Str., 6, Urlár 3, Áitreabh II, Seomra 13, Cónaidhm na Rúise; 123007, Moscó, 2nd Magistralny Tupik, 7A, Foirgneamh 1, Cónaidhm na Rúise; 123423, Moscó, MO Khoroshevo-Mnevniki, Narodnogo Opolcheniya Str., 34, Urlár 3, Oifig 330, Cónaidhm na Rúise Uimhir theileafóin:8 499 346-06-32; 8 800 555-60-12 Suíomh gréasáin: https://argut.net/ Ríomhphost: info@argut.net Uimhir Chlárúcháin:7714419505 (Uimhir Aitheantais Chánach/INN)	25.2.2022

Uimhir	Ainm	Faisnéis Aitheantais	Dáta an liostaithe
13.	Communication Center of the Ministry of Defense Ainm áitiúil: Департамент информации и массовых коммуникаций Министерства обороны Российской Федерации Dá ngairtear freisin: Department of Information and Mass Communications of the Ministry of Defence of the Russian Federation	Seoladh (nó Seoltaí): 119019, Moscó, Khamovniki, Bolshoi Znamensky Pereulok, 21, Cónaidhm na Rúise; 119160, Moscó, Frunzenskaya Embankment, 22/2, Cónaidhm na Rúise Uimhir theileafóin: 8 (495) 498-02-74 Suíomh gréasáin: https://structure.mil.ru/structure/ministry_of_defence/details.htm?id=9581@egOrganization Ríomhphost: press@mil.ru	25.2.2022
14.	Federal Research Center Boreskov Institute of Catalysis Ainm áitiúil: Федеральное Государственное Бюджетное Учреждение Науки «Федеральный Исследовательский Центр «Институт Катализа им. Г.К. Борескова Сибирского Отделения Российской Академии Наук» (ИК СО РАН, Институт Катализа СО РАН) Dá ngairtear freisin: Institute of Catalysis named after G. K. Boreskov SB RAS; IR SB RAS; Institute of Catalysis SB RAS; BIC	Seoladh (nó Seoltaí): 630090, Réigiún Novosibirsk, Novosibirsk, Akademika Lavrentiev Prospekt, 5, Cónaidhm na Rúise Uimhir theileafóin:+7 (383) 330-80-56 Suíomh gréasáin: https://catalysis.ru / Seoladh ríomhphoist: bic@catalysis.ru Uimhir Chlárúcháin: 5408100177 (Uimhir Aitheantais Chánach/INN)	25.2.2022
15.	Federal State Budgetary Enterprise of the Administration of the President of Russia Ainm áitiúil: Управление делами Президента Российской Федерации Dá ngairtear freisin: Administration of the President of the Russian Federation; The Administrative Directorate of the President of the Russian Federation	Seoladh (nó Seoltaí): 103132, Moscó, Nikitnikov Pereulok, 2, Foirgneamh 5, Cónaidhm na Rúise Uimhir theileafóin:+ 7 495 606-92-33 Suíomh gréasáin: https://udprf.ru/ Ríomhphost: udprf@gov.ru Uimhir Chlárúcháin: 7710023340 (Uimhir Aitheantais Chánach/INN)	25.2.2022

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/394/oj

Uimhir	Ainm	Faisnéis Aitheantais	Dáta an liostaithe
16.	Federal State Budgetary Enterprise Special Flight Unit Rossiya of the Administration of the President of Russia Ainm áitiúil: Федеральное Государственное Бюджетное Учреждение «Специальный Летный Отряд «Россия» Управления Делами Президента Российской Федерации (ФГБУ «СЛО «Россия») Dá ngairtear freisin: Federal State Budgetary Institution 'Special Flight Detachment 'Russia'; FGBU SLO Rossya; Federal State Budgetary Institution 'Special Flight Squad' Russia'	Seoladh (nó Seoltaí): 119027, Moscó, 1st Reisovaya Str., 2, Cónaidhm na Rúise Uimhir theileafóin:+ 7 495 122-99-99; + 7 495 122-99-45 Suíomh gréasáin: https://udprf.ru/content/federalnoe-gosudarstvennoe-byudzhetnoe-uchrezhdenie-specialnyy-letnyy-otryad-rossiya Ríomhphost: office@sfdrussia.ru Uimhir Chlárúcháin: 7732537999 (Uimhir Aitheantais Chánach/INN)	25.2.2022
17.	Federal State Unitary Enterprise Dukhov Automatics Research Institute (VNIIA) Ainm áitiúil: Федеральное Государственное Унитарное Предприятие «Всероссийский Научно-Исследовательский Институт Автоматики им. Н.Л. Духова» (ФГУП «ВНИИА») Dá ngairtear freisin: Federal State Unitary Enterprise 'All-Russian Research Institute of Automation named after N.L. Dukhov'; FSUE 'VNIIA'	Seoladh (nó Seoltaí): 127030, Moscó, Sushchevskaya S, 22, Cónaidhm na Rúise Uimhir theileafóin:+7 (499) 978-7803 Suíomh gréasáin: https://vniia.ru/ Ríomhphost: vniia@vniia.ru Uimhir Chlárúcháin: 7707074137 (Uimhir Aitheantais Chánach/INN)	25.2.2022
18.	Foreign Intelligence Service (SVR) Ainm áitiúil: Служба Внешней Разведки Российской Федерации (СВР России) Dá ngairtear freisin: Foreign Intelligence Service of the Russian Federation (SVR of Russia)	Seoladh (nó Seoltaí): 119034, Moscó, Ostozhenka Str., 51, Foirgneamh 1, Cónaidhm na Rúise Uimhir theileafóin:+ 7 495 247-19-38; + 7 (499) 245-3368; + 7 (499) 255-7938 Suíomh gréasáin: http://свр.рф/ Uimhir Chlárúcháin: 7728302546 (Uimhir Aitheantais Chánach/INN)	25.2.2022

Uimhir	Ainm	Faisnéis Aitheantais	Dáta an liostaithe
19.	Forensic Center of Nizhniy Novgorod Region Main Directorate of the Ministry of Interior Affairs Ainm áitiúil: Главное Управление Министерства Внутренних Дел Российской Федерации по Нижегородской Области (ГУ МВД России по Нижегородской Области) Dá ngairtear freisin: Main Directorate of the Ministry of Internal Affairs of the Russian Federation for the Nizhny Novgorod Region; GU MIA of Russia for the Nizhny Novgorod Region	Seoladh (nó Seoltaí): 603000, Réigiún Nizhny Novgorod, Nizhny Novgorod, Maxim Gorky Str., 71, Cónaidhm na Rúise Uimhir theileafóin: 268-73-06 Suíomh gréasáin: http://mvdnn.ru/ Uimhir Chlárúcháin: 5260040766 (Uimhir Aitheantais Chánach/INN)	25.2.2022
20.	International Center for Quantum Optics and Quantum Technologies (The Russian Quantum Center) Ainm áitiúil: Общество с Ограниченной Ответственностью «Международный Центр Квантовой Оптики И Квантовых Технологий» (ООО «МЦКТ»); Российский квантовый центр (РКЦ) Dá ngairtear freisin: RCC; RQC; LLC 'MCCT'; OOO MTsKT	Seoladh (nó Seoltaí): 121205, Moscó, Territory of the Skolkovo Innovation Center, Bolshoi Boulevard, 30, Foirgneamh 1, Cónaidhm na Rúise Uimhir theileafóin: + 7 495 280 1291 Suíomh gréasáin: https://rqc.ru/ Ríomhphost: mail@rqc.ru Uimhir Chlárúcháin: 7743801910 (Uimhir Aitheantais Chánach/INN)	25.2.2022
21.	Irkut Corporation Ainm áitiúil: Публичное Акционерное Общество «Яковлев» (ПАО «Яковлев»); Публичное Акционерное Общество «Научно-Производственная Корпорация «Иркут» (ПАО «Корпорация «Иркут») Dá ngairtear freisin: Public Joint Stock Company Yakovlev; PJSC Yakovlev; Irkut Research and Production Corporation Public Joint Company; PJSC Irkut Corporation	Seoladh (nó Seoltaí): 125315, Moscó, Leningradsky Prospekt, 68, Cónaidhm na Rúise Uimhir theileafóin: + 7 495 777-21-01 Suíomh gréasáin: https://yakovlev.ru/ Ríomhphost: office@yakovlev.ru Uimhir Chlárúcháin: 3807002509 (Uimhir Aitheantais Chánach/INN)	25.2.2022

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/394/oj

Uimhir	Ainm	Faisnéis Aitheantais	Dáta an liostaithe
22.	Joint Stock Company Scientific Research Institute of Computing Machinery Ainm áitiúil: Акционерное Общество «Научно-Исследовательский Институт Средств Вычислительной Техники» (АО «НИИ СВТ») Dá ngairtear freisin: Scientific Research Institute of Computer Technology; JSC NII SVT; AO NII SVT	Seoladh (nó Seoltaí): 610025, Kirov, Melnichnaya Str., 31, Cónaidhm na Rúise Uimhir theileafóin: 8(8332) 67-99-75 Suíomh gréasáin: https://niisvt.ru/ Ríomhphost: niisvt@niisvt.ru Uimhir Chlárúcháin: 4345309407 (Uimhir Aitheantais Chánach/INN)	25.2.2022
23.	JSC Central Research Institute of Machine Building (JSC TsNIIMash) Ainm áitiúil: Акционерное Общество «Центральный Научно-Исследовательский Институт Машиностроения» (АО «ЦНИИМаш») Dá ngairtear freisin: Federal State Unitary Enterprise Central Research Institute for Machine Building	Seoladh (nó Seoltaí): 141070, Réigiún Mhoscó, Korolev, Pionerskaya Str. 4, Foirgneamh 22, Cónaidhm na Rúise Uimhir theileafóin: + 7 (495) 513-59-51 Suíomh gréasáin: https://www.tsniimash.ru/ Ríomhphost: corp@tsniimash.ru Uimhir Chlárúcháin: 5018200994 (Uimhir Aitheantais Chánach/INN)	25.2.2022
24.	JSC Kazan Helicopter Plant Repair Service Ainm áitiúil: Акционерное Общество «Казанский Вертолетный Завод-Ремонт, Сервис» (АО «КВЗ-РемСервис») Dá ngairtear freisin: Kazanski Vertoletny Zavod Remservis; KVZ Remservis	Seoladh (nó Seoltaí): 420085, Poblacht na Tatarstáine, Kazan, Tetsevskaya Str., 14, Foirgneamh 22, Cónaidhm na Rúise Uimhir theileafóin: + 7 (843) 571-90-67 Suíomh gréasáin: https://kvz-remservice.ru/ Ríomhphost: info@kvz-remservice.ru Uimhir Chlárúcháin: 1653002439 (Uimhir Aitheantais Chánach/INN)	25.2.2022

Uimhir	Ainm	Faisnéis Aitheantais	Dáta an liostaithe
25.	JSC Shipyard Zaliv (Zaliv Shipbuilding Yard) Ainm áitiúil: Открытое Акционерное Общество «Судостроительный Завод «Залив» (ОАО «Судостроительный Завод «Залив») Dá ngairtear freisin: Zaliv Shipbuilding Plant	Seoladh (nó Seoltaí): 298310, Poblacht na Crimé, Kerch, Tankistov Str., 4 Uimhir theileafóin: + 7 978 705-23-88 Suíomh gréasáin: http://zaliv.com/ Ríomhphost: zaliv@zaliv.com Uimhir Chlárúcháin: 9111001119 (Uimhir Aitheantais Chánach/INN)	25.2.2022
26.	JSC Rocket and Space Centre – Progress Ainm áitiúil: «Ракетно-Космический Центр «Прогресс» (РКЦ «Прогресс») Dá ngairtear freisin: JSC Progress; RKTs Progress; Progress Rocket Space Centre	Seoladh (nó Seoltaí): 443009, Réigiún Samara, Samara, Zemets Str., 18, Cónaidhm na Rúise; Moscó, Gilyarovsky Str., 39, Foirgneamh 1, Seomra 203, Cónaidhm na Rúise; Réigiún Arkhangelsk, Mirny, Lesnaya Str., 10, Cónaidhm na Rúise; Réigiún Amur, Ceantar Svobodnensky, Uglegorsk Village, Marshala Nedelina Str., 13a, Cónaidhm na Rúise Uimhir theileafóin: + 7 (846) 955-13-61 Suíomh gréasáin: https://www.samspace.ru/ Ríomhphost: mail@samspace.ru Uimhir Chlárúcháin: 6312139922 (Uimhir Aitheantais Chánach/INN)	25.2.2022
27.	Kamensk-Uralsky Metallurgical Works JSC Ainm áitiúil: Открытое Акционерное Общество «Каменск-Уральский Металлургический Завод» (ОАО «КУМЗ») Dá ngairtear freisin: KUMZ JSC; Kamensk-Ural Metallurgical Plant	Seoladh (nó Seoltaí): 623405, réigiún Sverdlovsk, Kamensk-Uralsky, Zavodskaya Str., 5, Cónaidhm na Rúise Uimhir theileafóin: + 7 (3439)39-51-16 Suíomh gréasáin: https://kumz.ru/ Ríomhphost: any@kumw.ru Uimhir Chlárúcháin: 6665002150 (Uimhir Aitheantais Chánach/INN)	25.2.2022

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/394/oj

Uimhir	Ainm	Faisnéis Aitheantais	Dáta an liostaithe
28.	Kazan Helicopter Plant PJSC Ainm áitiúil: Акционерное Общество «Казанский Вертолетный Завод» (АО «Казанский Вертолетный Завод») Dá ngairtear freisin: Kazan Helicopters; Kazanski Vertoletny Zavod AO	Seoladh (nó Seoltaí): 420085, Poblacht na Tatarstáine, Kazan, Tetsevskaya Str., 14, Cónaidhm na Rúise Uimhir theileafóin: + 7 (843) 549 66 99 Suíomh gréasáin: https://www.rhc.aero/structure/kazanskiy-vertoletnyy-zavod Ríomhphost: kvz@kazanhelicopters.com Uimhir Chlárúcháin: 1656002652 (Uimhir Aitheantais Chánach/INN)	25.2.2022
